



Tuarascáil Bhliantúil 2009-2010



COLÁISTE NA TRÍONÓIDE
BAILE ÁTHA CLIATH
TRINITY COLLEGE DUBLIN

OLLSCOIL
ÁTHA
CLIATH





Baill an Bhoird

Ba iad seo a leanas comhaltaí Bhord Choláiste na Tríonóide i rith na bliana acadúla 2009/10:

Comhaltaí de bhrí oifige:

Propast, An Dr John Hegarty (Cathaoirleach)
Leas-Phropast/Príomhoifigeach Acadúil, An tOllamh Patrick Prendergast
Léachtóir Sinsearach, An Dr Aileen Douglas
Cláraitheoir, An tOllamh Jürgen Barkhoff
Sparánaí, An tOllamh Margaret O'Mahony

Comhaltaí agus Comhollaimh Thofa

An tOllamh Shane Allwright (2008-2012)
An tOllamh John McGilp (2008-2012)
An tOllamh Eunan O'Halpin (2008-2012)
An Dr Amanda Piesse (2005-2010)
An tOllamh Henry Rice (2007-2010)
An Dr Sinéad Ryan (2007-2010)
An tOllamh David Singleton (2008-2012)
An tOllamh Jagdish Vij (2006–2010)

Foireann Acadúil Thofa nach Comhaltaí iad

Mary Coffey Uasal (2009-2012)
An tUasal William Dowling (2008-2012)
An Dr Eoin Mac Cárthaigh (2005-2010)
An Dr Anthony McElligott (2008-2010)
An tOllamh Des O'Neill (2008-2012)

Foireann Thofa Neamhadúil

An tUasal Peter Connell (2009-2010)
An Dr Kieran J McGinley (2008-2012)
Peggy Murphy Uasal (2008-2012)

Ionadaithe na Mac Léinn

Uachtarán Aontas na nIarchéimithe, An tUasal Ronan Hodson (2009-2010)
Uachtarán Aontas na Mac Leinn, An tUasal Cónán Ó Broin (2009-2010)
Oifigeach Oideachais Aontas na Mac Léinn, An tUasal Ashley Cooke (2009-2010)
Oifigeach Leasa Aontas na Mac Léinn, An tUasal Cormac Cashman (2009-2010)

Comhaltaí Seachtracha

An tUasal Brian Sweeney , ainmnithe ag Coláiste na Tríonóide (2005-2010)
Geraldine Clarke Uasal, ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta (2005-2010)

I láthair de bhrí Oifige

Rúnaí, Anne FitzGerald Uasal
Cisteoir, An tUasal Ian Mathews

Tá an cháipéis seo le fáil i bhformáid inrochtana ach í a iarraidh ag
(Ríomhphost: communications@tcd.ie)



CLÁR na nÁBHAR

	Réamhrá ón bPropast	2
1.	Gníomhaíochtaí an Choláiste Forbairtí Acadúla	
	Rangú Ollscoileanna Domhanda Times Higher Education-QS	6
	Cáilíocht	6
	Struchtúr na Bliana Acadúla	7
	Comhaonotas Nuálaíochta & Acadamh Nuálaíochta	7
2.	Cúrsaí Oideachais	
	Na Mic Léinn	8
	Staitisticí Iontrála/ Taispeántóirí Iontrála	8
	Scoláireachtaí	9
	An Curaclam – Cúrsaí Nua	9
	Searmanais Tionscnaimh, Céad Onóracha agus Boinn Óir	10
	Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide	11
	Gradaim Teagaisc an Phropaist	12
3.	Eispéireas na Mac Léinn	
	Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn	13
	Gnóthachtálacha na Mac Léinn	13
4.	Gníomhaíochtaí Taighde	
	Téamaí Taighde	16
	Maoiniú Taighde	16
	Tionscnaimh Thaighde Nua	17
	Naisc Thaighde le hInstitiúidí Eile	18
	Scoláireachtaí agus Gradaim Thaighdeoirí TCD	20
5.	Nuálaíocht agus Tráchtálú	
	Maoiniú Taighde agus Maoin Intleachtúil	25
	Fiontraíocht agus Nuálaíocht	25
6.	Acmhainní Daonna	
	Creat Rialaithe Fostaíochta	26
	Foireann, Poist New Blood, Earcú Cathaoirleachta	27
7.	Tionscnaimh nua sa Choláiste	28
8.	Clár Forbartha Caipitil	
	Tionscadail Curtha i gCrích	31
	Tionscadail Tógála	32
	Caomhnú Fuinnimh	34
9.	Tiomsú Airgid	35
10.	Staid Airgeadais	36
	Aguisín I An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2010	39
	Aguisín II An Clár Comhardaithe don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2010	40

Focal ón bPropast



Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo staid an Choláiste agus achoimre ar an méid atá bainte amach aige le linn na bliana acadúla 2009/10 a bhí ina bliain an-rathúil agus an-táirgiúil arís ar mhaithe leis an gColáiste. Seo a leanas roinnt de na nithe ar baineadh amach:

Plean Straitéiseach 2009-2014

Cuireann an *Plean Straitéiseach 2009-2014*, a cuireadh le chéile trí chomhchomhairle forleathan, le gnóthachtálacha an Choláiste trí chur chuige cothrom i leith oideachais, taighde agus nuálaíochta a ghlacadh. Seoladh é i mí na Samhna 2009 agus láidreoidh sé seasamh Choláiste na Tríonóide mar choláiste a bhfuil suntas domhanda ag baint leis.

Is príomhghné í an nuálaíocht i ngach gníomhaíocht de chuid an Choláiste. Sa Phlean Straitéiseach leagtar amach tionscnamh nua d'oideachas fochéime; cuirfidh sé Acadamh Nuálaíochta in áit an oideachais iarchéime; daingneoidh sé na láidreachtaí i dtaighde agus i scoláireachtaí; agus cuirfear beartas Nuálaíochta Oscailte chun cinn ar mhaithe le haistriú eolais ionas go mbainfidh Éire agus an chuid eile den domhan an tairbhe is fearr as. Tá comhghuaillíochtaí ceannródaíocha nua beartaithe, agus tabharfaidh Coláiste na Tríonóide rannpháirtíocht leis an bpobal áitiúil agus leis an tsochaí níos leithne chun tosaigh.

Áirítear iad seo a leanas ar na príomhspricanna a chinnteoidh go mbainfidh Coláiste na Tríonóide a chuid cuspóirí straitéiseacha amach:

- Ag cur oideachas, taighde agus nuálaíocht chun cinn mar chomhpháirteanna de mhisean an choláiste a threisiónn a chéile.
- Na deiseanna chun stáidéar a dhéanamh ag Coláiste na Tríonóide a ardú trí líon na n-áiteanna sa Choláiste a ardú 15% go 18,000 áit ach ag an am céanna ag cothabháil caighdeáin agus nádúir phearsanta na hidirghníomhaíochta idir comhaltaí foirne agus mic léinn.
- Tionscnamh nua in oideachas fochéime a dhéanann na nithe seo a leanas:
 - Curaclam croímhodúlach/togthach nua a bhfuil cothromaíocht ann ó thaobh fairsinge agus ábhair a chur i bhfeidhm, a chuireann níos mó roghanna ar fáil do mhic léinn maidir le cúrsaí nua, cláir céime agus foghlaim ar feadh an tsaoil;
 - Rochtain ar ghrúpaí mac léinn faoi ghannionadaíocht a bhfuil buanna acu agus atá cumasach a ardú chuig 22% d'iontrálaithe nua;
 - Ráta comhlánaithe de 90% a bhaint amach i ngach cúrsa fochéime, i gcomhar leis na hollscoileanna is fearr ar fud an domhain.
 - An nasc le taighde agus spiorad an fhiosrúcháin agus smaointeoireacht chriticiúil a láidriú.
- An soláthar oideachais agus scileanna iarchéime a aistriú chun iarcheimí níos cruthaithí, níos nuálaí agus níos fiontraí a éascú.

-
- Idirdealú a dhéanamh idir láidreachtaí agus scoláireachtaí taighde agus iad a dhaingniú, mórthéamaí taighde a thabhairt le chéile bunaithe ar shochaí inbhuanaithe a bhaint amach.
 - Beartas nuálaíochta nua a thabhairt chun cinn chun luas a chur faoi fhorbairt agus luach na maoiné intleachtúla agus na fiontraíochta mar aon le cuideachtaí nua a chothú.
 - An nasc idir láidreachtaí taighde, teagasc den scoth agus aistriú eolais a láidriú trí líon scoláirí/teagascóirí speisialta a earcú a chuirfidh go mór leis an nasc seo agus a bhainfidh mais chriticiúil amach.

Chun na cuspóirí seo a bhaint amach ar an tslí is fearr, tá an Coláiste ag cur príomhthionscnaimh cumasaithe chun cinn, seachadadh na dtrí comhpháirtíochta cheannródaíocha san áireamh: Comhaontas Nuálaíochta TCD-UCD, Ionad Leighis Acadúil Choláiste na Tríonóide agus an Clár Cruthaitheachta sa Phobal.

Taighde & Nuálaíocht

Fuarthas ioncam €82 milliún chun tacú le gníomhaíocht taighde mhaoinithe don bhliain. D'éirigh thar barr le comhaltaí foirne Choláiste na Tríonóide ó thaobh éachtaí taighde agus bhain siad gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta amach. I rith na bliana, ceadaíodh do 12 seach-chuideachta nua maoin intleachtúil a forbraíodh ag Coláiste na Tríonóide a thráchtálú, líonadh 20 paitinn agus eisíodh 11 ceadúnas tráchtála.

Mic Léinn

Tá an t-ádh ar Choláiste na Tríonóide go dtagann mic léinn a bhfuil fonn léinn orthu ó Éirinn agus thar lear. Bhain Coláiste na Tríonóide ní ba mhó iarratas céadrogha amach i gcóras na Lár-Oifige Iontrála (CAO) ná aon institiúid eile seachas ceann amháin i 2009. Tá sé tábhachtach go mbíonn Coláiste na Tríonóide ar oscailt do gach mac léinn cumasach ar mhaithe le todhchaí na hÉireann. Tá deis ag daoine a thagann ó ghrúpaí léinn neamhthraidisiúnta atá ag céimeanna éagsúla d'aois, agus atá ina gcónaí i limistéir faoi mhíbhuntáiste leas a bhaint as léinn i gColáiste na Tríonóide de bharr cláir cheannródaíocha ar nós Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide.

In 2009/10, cuireadh tús le seacht gcúrsa iarchéime nua agus ocht gcúrsa fochéime nua agus bronnadh céimeanna ar 4,244 mac léinn. Lean mic léinn ar aghaidh ag baint taitnimh as 'Eispéreas Choláiste na Tríonóide' a bhaineann le níos mó ná an curaclam amháin agus a chuimsíonn clubanna agus cumainn na mac léinn a ullmhaíonn mic léinn le haghaidh ceannaireachta agus rannpháirtíochta sibhialta sa saol amach rompu.

Foireann

Ní féidir rath ollscoile, nó a spriocanna straitéiseacha, a bhaint amach gan an phríomhacmhainn — an fhoireann. Ní mór do Choláiste na Tríonóide daoine den chéad scoth a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil chun stádas an Choláiste a choimeád agus a chur chun cinn. Chuir an Oifig Foirne seirbhís oiliúna agus forbartha ar fáil do gach comhalta foirne. Ceadaíodh sé Léachtóireacht *New Blood Ussher* is fichead, trí mhaoiniú neamhstáchtiste. Tá tábhacht mhór ag baint leis an gclár '*New Blood*' ó thaobh an Phlean Straitéisigh 2009-14 ó tharla go n-éascaíonn sé gníomhartha éagsúla den phlean a sheachadadh i scoileanna. Ceapadh ocht n-iarrthóir déag roimh dheireadh na bliana acadúla.

Forbairt Chaipitil

Bhí an clár um fhorbairt chaipitil faoi bhláth arís i mbliana. Áirítear ar phríomhfhorbairt an tionscadail thógála is uailmhianaí riamh i stair Choláiste na Tríonóide, Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide ar Shráid an Phiarsaigh. I measc na dtionscadal a tugadh chun críche bhí Mol Seomra Fada Choláiste na Tríonóide, Aonad Forbartha agus Cleachtas Teagaisc Chógaisíochta Boots agus an t-atthchóiriú ar 7-9 Sráid Laighean Theas.

Staid Airgeadais

In 2010, tháinig laghdú ar an gcroímhaoiniú i gcomparáid le leibhéal 2009 mar thoradh ar bhrúnna maoinithe ag leibhéal náisiúnta. In ainneoin mhaoiniú laghdaithe áfach, bhí staid airgeadais mhaith ag an gColáiste ag deireadh na bliana mar gheall ar na gníomhaíochtaí a cheadaigh an Bord chomh maith le hiarrachtaí agus tiomantais leanúnacha phobal an Choláiste dul i ngleic le timpeallacht maoinithe dúshlánach atá ag athrú i gcónaí.

Tá an Coláiste ag brath go mór ar fhoinsí státchiste ioncaim agus meastar go ndéanfaidh sé bainistiú ar a chuid gnóthaí airgeadais laistigh de pharaiméadar Acht na nOllscoileanna 1997, go ndéanfaidh sé a chuid cuspóirí a sheachadadh gan creataí do mhaoiniú ilbhliantúil ar bith a bheith ann agus go ndéanfaidh sé teacht aniar/athnuachan airgeadais a bhainistiú. Sa chomhthéacs seo, tá an Coláiste ag leanúint straitéis airgeadais ina chuirtear cruthú agus éagsúlacht ioncaim chun cinn agus déantar sin a spreagadh; tacaíonn soláthar le bainistiú costas; tugtar tosaíocht do thionscnaimh éifeachtúlachta agus déantar gníomhaíochtaí a bhainistiú laistigh d'acmhainní buiséadaithe sa mheántéarma.

Níl aon easnamh atarlaithe carntha ag an gColáiste ag deireadh na bliana acadúla 2009/10. Tá na torthaí airgeadais don bhliain sásúil agus tháinig siad chun cinn de bharr deaphleanála airgeadais. Is léir go bhfuil todhchaí ina mbeidh go leor éileamh agus ina mbeidh níos lú cinnteachta agus intuarthachta, go háirithe ó thaobh mhaoiniú Rialtais, os comhair an Choláiste mar gheall ar thimpeallacht ina bhfuil maoiniú poiblí ag ardú go seasta. Mar sin féin, is timpeallacht í a chuirfidh go leor deiseanna ar fáil ó thaobh giniúna ioncaim agus éifeachtúlachtaí breise. Is mórábhar imní é an tionchar a bheidh ag laghduithe maoinithe ar thorthaí an Choláiste agus ní mór don Rialtas tosaíocht a thabhairt do chosaint agus do chaomhnú acmhainní na n-eagaíochtaí a thacaíonn leis an gclár oibre náisiúnta maidir le téarnamh eacnamaíochta. Sna tréimhsí dúshlánacha seo, tá sé ríthábhachtach go mbainfidh an Coláiste leas as gach deis is é ag dul chun cinn agus go leanfaidh sé ar aghaidh ag déanamh infheistíochta i ngníomhaíochtaí caipitil agus atarlaithe.

Seasamh Idirnáisiúnta

Rangaíodh Coláiste na Tríonóide i measc na 50 ollscoil is fearr ar domhan (43ú) agus i measc na 15 ollscoil is fearr san Eoraip (13ú) i Rangú Ollscoileanna Domhanda de chuid an *Times Higher Education-QS*.

Conclúid

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le comhaltaí foirne an Choláiste ar fad, idir fhoireann acadúil, fhoireann riaracháin agus fhoireann tacaíochta as an obair a rinne siad chun na gnóthachtálacha seo a bhaint amach le linn 2009/10 — ní bhainfí na gnóthachtálacha seo amach gan a gcuid díograise le linn na bliana.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil chomh maith leis an Taoiseach, leis an Aire Oideachais agus Scileanna, leis an Aire Sláinte agus Leanaí agus le go leor Airí eile ar mór agann a gcuid tacaíochta. Tá an Coláiste faoi chomaoin ag Bord agus ag Feidhmeannas Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide, ag an Údarás um Ard-Oideachas, ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, ag an mBord Taighde Sláinte, ag IRCHSS, ag IRCSET agus ag go leor gníomhaireachtaí agus daoine eile, idir phoiblí agus phríobháideach, a thacaigh leis an gColáiste.

Táim ag druidim le deireadh mo théarma mar Phropast agus ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh leis an iliomad daoine a thug tacaíocht fhlaithiúil dom ar feadh mo théarma mar Phropast.

**John Hegarty,
Propast.**

Aibreán 2011



COLÁISTE NA TRÍONÓIDE
BAILE ÁTHA CLIATH
TRINITY COLLEGE DUBLIN

OLLSCOIL
ÁTHA
CLIATH

GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE



1. Forbairtí Acadúla

1.1 Rangú Ollscoileanna Domhanda Times Higher Education-QS

Lean Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar aghaidh ag baint áit níos airde amach sa rangú ollscoileanna domhanda, ag bogadh suas go dtí an 43ú áit sa Rangú Ollscoileanna Domhanda *Times Higher Education-QS 2009*. Tháinig sé sa 13ú háit i measc rangú na hEorpa freisin. Is é seo an áit is airde a bhain an Coláiste amach riamh, suas sé áit ar rangú na bliana anuraidh de 49. Rangáíodh Ealaíona agus Daonnachtaí Choláiste na Tríonóide sa 41ú háit den rangú domhanda.

Tugtar liosta den 500 ollscoil is fearr ar domhan i Rangú Ollscoileanna *Times Higher Education-QS* atá bunaithe ar athbhreithniú piaraí, líon na luanna de réir ball dáimhe, an cóimheas mac léinn le baill foirne agus líon na mac léinn idirnáisiúnta agus na mball foirne idirnáisiúnta.

Cuireann dul chun cinn leanúnach an Choláiste ar an Rangú Ollscoileanna Domhanda in iúl go n-aithníonn luacht acadúil agus fostóirí ar fud an domhain Coláiste na Tríonóide mar ard-ollscoil na hÉireann. Is éacht den chéad scoth é d'ollscoil i dtír chomh beag le hÉirinn a bheith rangaithe in áit chomh hard sin, in iomaíocht le hollscoileanna idirnáisiúnta a bhfuil acmhainní breise acu agus atá i bhfad níos mó.


1.2 Cáilíocht

Aithnítear Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar fud an domhain mar ollscoil ina bhfuil an teagasc agus an taighde ar ardchaighdeán. Tá an Coláiste tiomnaithe d'oidreachas ar leith a chur ar fáil, oidreachas atá treoraithe ag an taighde, atá cothromaithe agus a dhíríonn ar an mac léinn. Tá an Coláiste tiomnaithe don sárcháilíocht seo a choinneáil dá chéimithe agus dá iarchéimithe agus sa taighde. Tá Coláiste na Tríonóide láidir mar gheall ar thiomantas na mball foirne do na mic léinn uile.

Léirítear cáilíocht eisceachtúil fhoireann acadúil an Choláiste nuair a bhronntar Comhaltacht. Chun Comhaltacht a bhaint amach, ní mór don iarrthóir gnóthachtáil taighde nó scoláireacht den scoth, chomh maith le fianaise go bhfuil cion déanta aige/ aici ar son shaol an Choláiste a chur in iúl, arna léiriú go háirithe trí rannpháirtíocht in obair a Roinne nó a D(h)áimhe agus taifead éifeachtach teagasc.

Fógraíodh fiche Comhalta ar Luan Choláiste na Tríonóide 2010, triúr Chomhalta Oinigh ina measc: An tOllamh le Leigheas Cardashoithíoch, Ian Graham ag Coláiste na Tríonóide agus cairdeolaí comhairleach ag Ospidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath ag cuimsiú an t-Ospidéal Náisiúnta Leanaí sa Tamhlacht; An Dr Douglas R Green, Cathaoirleach Imdhíoneolaíochta ag *St Jude's Children's Research Hospital* in Memphis, Tennessee; agus an tOllamh Frances Ruane, Stiúrthóir na hInstitiúide um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Sa bhliain acadúil 2009/10, d'éascaigh an Oifig Cháilíochta athbhreithniú cáilíochta ar Scoil na Géineolaíochta agus na Micribhitheolaíochta, ar Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha, ar an Scoil Altranais agus Cnámhseachais agus ar Scoil na Drámaíochta, na Scannánaíochta agus an Cheoil. Bhí na tuarascálacha a tháinig chun cinn as na hathbhreithnithe dearfach den chuid is mó agus thug siad aiseolas cuiditheach do na Scoileanna maidir lena dteagasc/a bhfoghlaim, a dtaighde agus a ngníomhaíochtaí pleanála straitéisí.



Le linn na bliana, lean Coláiste na Tríonóide ar aghaidh ag idirghníomhú leis na príomhpháirtithe leasmhara náisiúnta atá páirteach i ndearbhú cáilíochta/feabhsú cáilíochta, trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí de chuid Líonra Ard-Oideachais na hÉireann, Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann agus Cumann Ollscoileanna Éireann.

1.3 Struchtúr na Bliana Acadúla

Tháinig struchtúr nua acadúil i bhfeidhm an 31 Lúnasa 2009. Tá sé bunaithe ar dhá théarma teagaisc 12 seachtaine le seachtain staidéir/léitheoireachta i seachtain a seacht agus ar thríú téarma atá tiomanta do mheasúnuithe agus do scrúdúithe ag deireadh na bliana. Tar éis na bpléití ar thionchar an struchtúir téarma nua, cheadaigh Comhairle na hOllscoile an tríú seachtain staidéir a chuir isteach idir deireadh téarma teagaisc Hilary agus tús na scrúduithe sa bhliain acadúil 2010/11.

1.4 Comhaontas Nuálaíochta & Acadamh Nuálaíochta

Is comhpháirtíocht é Comhaontas Nuálaíochta Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath /Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath atá ag obair leis an earnáil oideachais, an Stát, a ghníomhaireachtaí agus leis an earnáil caipitil gnó agus fiontair chun córas le haghaidh éiceachóras den chéad scoth a fhorbairt a chuirfidh forbairt fiontair chun cinn in Éirinn.

Is é An tAcadamh Nuálaíochta buaicphointe oideachasúil an Chomhaontais Nuálaíochta. Is comhfhiontar comhoibritheach i léann PhD é a chuireann le hacmhainní agus sineirgí a bhí ann cheana idir TCD agus UCD. Tá sé mar aidhm ag an Acadamh cineál nua céimí chruthaithigh a fhorbairt, atá saineolach ar a dhisciplín, ach ag a bhfuil tuiscint dhomhain ar an tslí ina n-athraíonn nuálaíocht eolas agus smaointe go táirgí, seirbhísí agus beartais ar mhaithe le leas eacnamaíoch agus sóisialta go sciobtha.

I rith na bliana acadúla 2009/10, chuaigh Uachtarán Stanford An Dr. John L. Hennessy i mbun an róil mar an chéad chomhairleoir idirnáisiúnta ar an gComhaontas. Is céim chun cinn an-dearfach é an ceapachán seo agus bainfidh ní hamháin mic léinn sa Chomhaontas Nuálaíochta leas as, ach bainfidh cuideachtaí reatha agus a thiocfaidh ar an bhfód amach anseo leas as freisin.

Ceapadh an tOllamh Paul Coughlan (TCD) agus an tOllamh Suzi Jarvis (UCD) mar Chomhstiúrthóirí Cúrsaí san Acadamh Nuálaíochta. Is príomhróil ceannaireachta acadúla iad na róil seo agus beidh siad freagrach go príomha as an gComhdhiplóma/Comhtheastas sa Nuálaíocht agus san Fhiontraíocht laistigh den Chomhaontas Nuálaíochta.

Ar chéad chomóradh an Chomhaontais Nuálaíochta i Márta 2010, d'fhógair an dá ollscoil sraith nua Sparánachtaí Nuálaíochta saindirithe a mhaoineofar trí chiste €2 milliún. Chun nuálaíocht agus taighde a chur chun cinn i gColáiste na Tríonóide, bronnadh deich scoláireachta idirdhisciplíneach PhD a bhí maoinithe go hiomlán agus a bhí bunaithe ar an téama "Sochaí Inbhuanaithe". Bronnadh na sparánachtaí ar chláir idirdhisciplíneacha ó na Dámha seo a leanas: Ealaíona, Daonnachtaí, Síceolaíocht, Bitheolaíocht, Bithinnealtóireacht, Ríomheolaíocht, Fisic agus Leigheas Cliniciúil. Bronnadh sé sparánacht iardhochtúireachta ar thaighdeoirí iardhochtúireachta ar an téama céanna chun tacú leo modh neamhspleách taighde a bhaint amach.



2. Cúrsaí Oideachais

2.1 Na Mic Léinn

Tagann mic léinn Choláiste na Tríonóide ó gach contae in Éirinn agus ó níos mó ná 110 tír eile agus tá mic léinn an Choláiste seo éagsúil ó thaobh aicmí sóisialta agus aoisghrúpaí de.

San iomlán, bhí 16, 807 fochéimí agus iarchéimí cláraithe le linn 2009/10. As an líon sin, ba as Éirinn thart ar 80%, as tíortha eile san AE 11%, as Tuaisceart Mheiriceá nó Meiriceá Lár 4% , as áiteanna eile an domhain 5%, mic léinn as tíortha Eorpacha nach tíortha an AE iad ina measc.

Tá an Coláiste tiomanta do líon na mac léinn neamhthraidisiúnta a fhaigheann áit ar chlár fochéime a ardú, mic léinn faoi mhíbhuntáiste ó thaobh cúlra de agus mic léinn aibí ina measc. Tá tiomantas sa Phlean Straitéiseach (2009-14) nua i leith cion na mac léinn ó ghrúpaí nach mbaineann uiríolla fhairsing leo a ardú ó 15% go 22% d'iontrálaithe nua CAO roimh 2013.

In 2009, ghlac mic léinn neamhthraidisiúnta 15.5% de na háiteanna CAO ar fad. Is mic léinn aibí a bhí i 42%.

2.2 Staitisticí Iontrála/ Taispeántóirí Iontrála

Mheall Coláiste na Tríonóide an dara sciar ab airde (11%) de chéadroghanna i gcóras na Lár-Oifige Iontrála (CAO) sa bhliain 2009. Mheall an Coláiste an líon ab airde de dhaltáí sárchumasacha arís i mbliana. Rinne 58,652 dalta an Ardteistiméireacht sa bhliain 2009. As na daltaí sin a chuir iarratas isteach trí chóras na Lár-Oifige Iontrála (CAO), bhí 560 pointe nó níos airde bainte amach ag 1,015 acu agus ghlac 43% de na daltaí sin le háit i gColáiste na Tríonóide.

Bronnadh 'Gradaim Taispeántóirí Iontrála' ar 441 mac léinn na chéad bhliana san iomlán. Bhí na mic léinn a fuair na gradaim seo tar éis 560 pointe nó níos mó a bhaint amach san Ardteistiméireacht nó a choibhéis i scrúdú dara leibhéal. Tháinig na mic léinn seo ó 234 scoil as gach ceann de na 29 contae in Éirinn chomh maith le scoileanna eile san AE.

Sealbhóirí Dámhachtainí
Taispeántóirí Iontrála,
David McHugh agus
Ruaa El-Helali





Mic léinn ón Scoil Leighis ag ceiliúradh na Scoláireachtaí bronnadh orthu ar Luan na Tríonóide 2010

2.3 Scoláireachtaí

Tuigtear le fada an lá gur éacht acadúil thar na bearta iad Scoláireachtaí Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide agus Scoláireachtaí eile nach Scoláireachtaí Fondúireachta iad. Déanann mic léinn fochéime, ag deireadh an dara bliain (nó tríú bliain i gcás mic léinn míochaine), scrúdú ar leith agus bronnar scoláireacht le haghaidh tréimhse suas le cúig bliana ar na mic léinn a bhaineann céad onóracha amach. Sa bhliain acadúil 2009/10, bronnadh na scoláireachtaí mórthaibhseacha seo ar 80 mac léinn ar Luan Choláiste na Tríonóide 2010.

Bhain na mic léinn a fuair scoláireachtaí le gach dámh: Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta (24); Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta (19); Dámh na nEolaíochtaí Sláinte (30); Dámhanna Éagsúla (7).

2.4 An Curaclam – Cúrsaí Céime agus Iarchéime Nua


Cuireadh tús leis na cúrsaí seo a leanas ag tús na bliana acadúla 2009/10:

Cúrsaí Fochéime Céim

B.A. i Stair agus Cultúr Ársa agus Meánaoiseach
LL.B Dlí agus Gnó
LL.B Dlí agus Eolaíocht Pholaitiúil
Baitsiléir i Léann na mBodhar
B.Sc. i Sláinte agus Galair Dhaonna
B.A. i nDomhaneolaíochtaí
B.A. sa Ghnó agus Ríomhaireacht
B.A. san Eolaíocht Pholaitiúil agus sa Tíreolaíocht

Cúrsaí Iarchéime Céim

M.Sc. i mBainistíocht Idirnáisiúnta
M.Phil i Staidéir Eorpacha
M.Sc. san Ardchleachtas Raiditeiripe
M.Sc. i gCúram Ailse
M.Sc. sa Timpeallacht agus Forbairt
M.Phil. i Scannánaíocht, Ceol agus Amharclannaíocht na hÉireann
M.Sc. i bhFisiteiripe Riospráide



Leanadh leis an rannpháirtíocht i bpróiseas Bologna. Leanadh ar aghaidh le tionscadal ar fud an choláiste chun ráitis fhoirmiúla ar thorthaí foghlama na mac léinn a dhréachtú agus a fhoilsiú le haghaidh gach cúrsa fochéime agus iarchéime ar cuireadh tús leo in 2008/09, le linn na bliana acadúla 2009/10. Foilseofar gach tacar torthaí foghlama don bhliain acadúil 2010/11 i rith théarma na Féile Michíl 2010.

Chomhaontaigh Comhairle na hOllscoile i Meitheamh 2010 gur chóir go mbeadh ualú 140% ag baint le matamaitic ardleibhéil san Ardeistiméireacht chun aitheantas a thabhairt don iarracht oibre bhreise a dhéanann daltaí a ghlacann an t-ábhar seo. Ón gcruinniú Comhairle sin agus ó rinneadh an cinneadh, baineadh seasamh earnála amach tríd an IUA: ba chóir go bhfaigheadh gach grád a fhaightear pas air sa mhataimaitic ardleibhéil san Ardeistiméireacht 25 pointe breise, cuma cén clár a bheadh roghnaithe ag an iarrthóir. Tá an scéim seo le cur i bhfeidhm in 2012.

2.5 Searmanais Tionscnaimh, Céad Onóracha agus Boinn Óir

Bronnadh 4,244 céim (2,652 príomhchéim agus 1,592 ardchéim) ag 30 Searmanas Tionscnaimh ar leith i 2009. Bhain 360 mac léinn onóracha den chéad ghrád amach ag na scrúduithe le haghaidh céime i 2009/10 agus as na mic léinn sin, bronnadh boinn óir ar 72 acu.



Iad siúd ar a bronnadh céimeanna oinigh, Paul Durcan (ina sheasamh), Michael Griffith, Geraldine Kennedy agus Ismail Serageldin

Bhí bronnadh oinigh ann le linn an tsearmanais Tionscnaimh an 14 Nollaig 2009 agus an 2 Iúil 2010. Bronnadh céimeanna oinigh ar Paul Durcan, Michael Griffith, Geraldine Kennedy agus Ismail Serageldin ag Searmanas Tionscnaimh an Gheimhridh. I measc na gcéimeanna oinigh ag Searmanas Tionscnaimh an tSamhraidh bhí Kristina M. Johnson, Mohamed ElBaradei agus Lynne Parker.



Mic léinn iar-bhunscoile ag
glacadh páirte i Scoil
Samhraidh TAP 2010



2.6 Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide

Is réimse tionscnamh iad Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide (TAP) atá dírithe ar an ráta rannpháirtíochta ag oideachas tríú leibhéal a mhéadú i measc daoine fásta óga agus mic léinn lánfhásta ó ghrúpaí socheacnamaíochta faoi ghannionadaíocht. Bunaíodh na cláir mar chuid de straitéis fhoriomlán chun dul i ngleic leis na rátaí ísle de mhic léinn ó ghrúpaí socheacnamaíochta áirithe a théann ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal agus cuireann siad in iúl go bhfuil an Coláiste ag baint amach a mhisean sóisialta.

Bhí rath ar Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide go dtí seo mar thoradh ar chomhpháirtíochtaí táirgiúla le scoileanna, coláistí breisoideachais, teaghlaigh mic léinn, foireann Choláiste na Tríonóide, gnóthaí, grúpaí pobail agus institiúidí Ardoideachais eile, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Faigheann Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide maoiniú ón Údarás um Ardoideachas tríd an gCiste le haghaidh Tionscnaimh Straitéiseacha, ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus ó roinnt deontóirí aonair agus corparáideacha. Tacaíonn na cistí seo leis na tionscnaimh seo a leanas:

- Naisc For-rochtana leis an Scoil agus an Pobal
- Cúrsaí Réamhullmhúcháin Ollscoile: Daoine Fásta Óga agus Mic Léinn Lánfhásta, Coláiste na Tríonóide
- Na Cúrsaí Rannpháirtíochta sna Saorealáiona: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Coláistí Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath (CDVEC)
- An Clár um Dhul Chun Cinn Iar-Iontrála
- Taighde agus Measúnú.

Tháinig 114 mac léinn chuig Coláiste na Tríonóide trí Chláir Rochtana na Tríonóide le linn 2009/10.

Ag nascadh le breis is 40 bunscoil agus meánscoil ar beag an traidisiún atá acu dul ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal, thug Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide, i gcomhar le 30 roinn sa Choláiste, an deis do bhreis is 4,000 mac léin, tuismitheoir agus múinteoir páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ar an gcampas le linn 2009/10 lena n-áirítear Clár Scoláirí Matamaitice agus Eolaíochta le haghaidh dhaltáí an 6ú rang agus an Lá Leighis le haghaidh dhaltáí na Sraithe Sóisearaí agus Scoileanna Samhraidh.




An Dochtúir Jacqueline Hayden, an Dochtúir Eleanor Denny, an Dochtúir Christine Morris, an Dochtúir Michael Lyons (thar ceann an Ollaimh John Kelly) agus an tOllamh Paul Coughlan, ar a bronnadh Duaiseanna Múinteoireachta an Phropaist 2010

2.7 Gradaim Teagaisc an Phropaist

Is iad Gradaim Teagaisc an Phropaist príomh-mhodh an Choláiste chun aitheantas a thabhairt do chomhaltáí foirne acadúla a rinne obair ar leith ar son barr feabhais a bhaint amach i dteagasc sa Choláiste agus a chuireann an teagasc chun cinn mar ghníomhaíocht scolártha.

Seo a leanas na daoine a fuair gradaim in 2010: An tOllamh John Kelly, Scoil na Ceimice, (Gradam Gnóthachtála Saoil), An Dr Eleanor Denny, Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus na Fealsúnachta, (Gradam Luathghairme), An Dr Jacqueline Hayden, Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus na Fealsúnachta, (Gradam Luathghairme), An tOllamh Paul Coughlan, Scoil an Ghnó agus An Dr Christine Morris, Scoil na Staire agus na Daonnachtaí. Tugadh aitheantas dóibh seo go léir as a ndíograis agus a ndiongbháilteacht ar mhaithe le feabhas teagaisc agus foghlama.



3. Eispéireas na Mac Léinn

Tá níos mó i gceist le 'hEispéireas Choláiste na Tríonóide' ná an curaclam amháin, glacann mic léinn páirt i gclubanna agus cumainn a ullmhaíonn iad le haghaidh ceannaireachta agus páirtíochta sibhialta sa saol amach rompu. Cuireann an tseirbhís teagascóireachta do mhic léinn leis an éiteas pearsanta chomh maith. Cuirtear oideachas ar leith ar fáil i gColáiste na Tríonóide, oideachas atá treoraithe ag an taighde, atá cothromaithe agus a dhíríonn ar an mac léinn.

3.1 Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn

Is é tiomantas d'fhorbairt intleachtúil agus phearsanta na mac léinn go léir bunchloch ghníomhaíochtaí an Choláiste. D'fhonn eispéireas na mac léinn a fheabhsú, cuireann Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn réimse leathan de sheirbhísí riaracháin agus tacaíochta ar fáil, Cóiríocht agus Lónadóireacht, Lárionad Sláinte na Mac Léinn, Seirbhísí Comhairleoireachta, an tSéiplíneacht, Seirbhísí Comhairle Gairmeacha, Naíolann an Choláiste, agus an Rannóg Spóirt agus Áineasa san áireamh. Cinntíonn na seirbhísí seo go bhfreastalaítear ar leas na mac léinn, agus a bhforbairt shóisialta, chultúrtha agus mhothúcháin i mbealach cothromaithe agus iomlánaíoch.



3.2 Gnóthachtálacha na Mac Léinn

I rith na bliana acadúla 2009/10, d'éirigh go maith le mic léinn agus le cumainn mac léinn i go leor réimsí.

Rinne cumainn mac léinn Choláiste na Tríonóide níos fearr ná 14 coláiste eile ar fud na hÉireann chun an bua a fháil i gceithre de na hocht gcatagóir ina raibh siad ainmnithe ag gradaim bhliantúla Bhord Cumann Coláistí na hÉireann (BICS) in Aibreán 2010. D'éirigh le hAisteoirí Ollscoil Átha Cliath (DU Players) i dtír chatagóir agus bhuaigh siad an gradam is airde sa 'Ghradam don Chumann is Fearr in Ollscoil Mór'. Bronnadh an gradam 'An Duine Aonair is Fearr i gColáiste Mór' ar Ross Dungan as Aisteoirí Ollscoil Átha Cliath agus bhuaigh Aisteoirí Ollscoil Átha Cliath agus an Cumann Grinn an gradam "An tImeacht is Fearr i gColáiste Mór" as an 'Trinity Fringe Festival'. Bhuaigh Cumann Naomh Uinseann de Pól an gradam 'An Deonachán Cathartha is Fearr i gColáiste Mór'.



Don cheathrú bliain as a chéile, bhuaigh foireann díospóireachta an Chumann Staire Comórtas Díospóireachta *The Irish Times* i mí Feabhra. Ba é comóradh 50 bliain ar an imeacht a bhí ann agus ar an bhfoireann bhí Niamh Ní Mhaoileoin agus Niall Sherry. Tá an comórtas, an comórtas díospóireachta is mó agus is iomráití in Éirinn, oscailte do dhaltáí san ardoideachas i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon.

Bhí triúr mac léinn ó Scoil na hInnealtóireachta, Tríona Byrne, Helen Fletcher agus Kate Gillen, i measc grúpa deichniúr mac léinn ar fud na tíre a bhuaigh Gradaim Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) / Scoláireachtaí Dell do Mhná Óga san Innealtóireacht. Tá sé mar aidhm ag na gradaim níos mó mac léinn mná a mhealladh isteach sa hinnealtóireacht ag leibhéal fochéime agus mar shlí bheatha amach anseo.

Bhain foireann mac léinn atá ag staidéar an MSc in Airgeadas an chéad duais amach san Anailísí Airgeadais Cairte (CFA) sa Dúshlán Taighde Infheistíochta Domhanda i mí Feabhra 2010. Bhí mic léinn Choláiste na Tríonóide Conor Maguire, Robert Skelton, Andreas Schmid agus Mason Chesla, i measc na sé fhoireann a chuaigh chomh fada le na babhtáí ceannais.

Bhuaigh Fionnuala Barrett ó Scoil an Bhéarla Duais Chuimhneacháin idirnáisiúnta Emory Elliott a d'eagraigh an *Literary Encyclopedia*, as an aiste a scríobh sí faoi Jonathan Swift.

Bronnadh ceann de na trí ghradam Fondazione Eni Enrico Mattei (FEEM) ar an mac léinn PhD Ben Elsner ag Comhdháil Bhliantúil Chomhlachas Eacnamaíochta na hEorpa (EEA) as an bpáipéar a scríobh sé ar eisimirce.

Bronnadh Bonn Taighde Bithleighis Innealtóirí na hÉireann 2010 ar an mac léinn iarchéime Kevin Moerman as Ionad um Bithinnealtóireacht Choláiste na Tríonóide as an obair shuntasach a rinne sé i réimse taighde na bithinnealtóireachta.

Bhí Christopher Blair, mac léinn as Scoil na Matamaitice ar dhuine de na naonúr mac léinn ar fud na tíre ar bronnadh duais Hamilton air as chomh maith is ar éirigh leis sa Mhatamaitic le linn a chuid staidéir sa tríú bliain. Bunaíodh duais Hamilton chun aitheantas a thabhairt do na mic léinn matamaitice fochéime is fearr sa tír.

Fuair mic léinn fochéime Choláiste na Tríonóide 13 as na 41 bonn óir ag Gradaim Fochéime na hÉireann a chuir an tUachtarán Mhic Ghiolla Íosa i láthair i nDeireadh Fómhair 2009. Tá sé mar aidhm ag na gradaim, atá oscailte d'fhochéimithe as ollscoileanna na hÉireann, aitheantas a thabhairt do na hainní óga is nuálaí in Éirinn.

Chuaigh saothar William Shakespeare ar stáitse i gcroílár Chathair Bhaile Átha Cliath i Meitheamh 2010 le linn Fhéile Shakespeare Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. D'eagraigh Aisteoirí Ollscoil Átha Cliath an fhéile, agus bhí níos mó ná 45 seó saor in aisce ar fud na cathrach in áiteanna éagsúla ar nós Faiche Stiabhna, Garraithe Náisiúnta na Lusanna agus Ardeaglais Theampall Chríost agus bhí príomhsheó gach oíche i gCearnóg Tosaigh Choláiste na Tríonóide.


Bronnadh an gradam *University Colours* ar 15 mac léinn spóirt as clubanna éagsúla in 2010. Bronntar Bándearg Choláiste na Tríonóide, atá leagtha amach chun teacht le Bánghorm Cambridge agus Gorm Dorcha Oxford, ar bhonn fiúntais aonair a mheasúnaítear go ginearálta i dtéarmaí scothfheidhmíocht an club, roghnúcháin ionadaíochta nó gnóthachtála seachtracha.



COLÁISTE NA TRÍONÓIDE
BAILE ÁTHA CLIATH
TRINITY COLLEGE DUBLIN

OLISCOIL
ÁTHA
CLIATH





4. Gníomhaíochtaí Taighde

4.1 Téamaí Taighde

Cuimsíonn straitéis thaighde Choláiste na Tríonóide gach mórdhisciplín agus tá sé tiomanta do ghníomhaíochtaí taighde den scoth i bpríomhréimsí ar fud na n-eolaíochtaí, na hinnealtóireachta, an leighis agus na n-ealaíon. Díríonn fócas straitéiseach an Choláiste ar chúig phríomhréimse – Comhtháthú Eorpach & Idirnáisiúnta, Ealaíona Cultúir & Cruthaitheacha, Ábhair & Córais Chliste, Eolaíochtaí Bitheacha & Taighde & Iompar Aistritheach, Fuinneamh & an Comhshaol. I ngach ceann de na réimsí seo tá gníomhaíochtaí suntasacha taighde ag Coláiste na Tríonóide, nasctha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus iad tógtha ar bhunchloch an idirdhisciplíneachais chun taighde a bhfuil suntas domhanda ag baint leis a sholáthar.

Bíonn idirchaidreamh ann le Coláiste na Tríonóide ar an iliomad leibhéal éagsúil: tá comhpháirtíochtaí suntasacha taighde ag an gColáiste le tionscail ilnáisiúnta agus dhúchasacha araon; tá clár ar leith ‘taighdeoirí cónaitheacha’ i bhfeidhm aige chun go mbeadh páirtithe ag croílár na dtionscadal taighde comhoibritheach; leis an nGailearaí Eolaíochta, tugtar léargas do Choláiste na Tríonóide ar shaol an taighde sa chiall is leithne, ag cothú fiosracha, ag spreagadh díospóireachta agus ag mealladh intinní thaighdeoirí na todhchaí; trína pholasaí Cruthaitheachta sa Phobal – ag na leibhéil áitiúla, náisiúnta agus dhomhanda – tá Coláiste na Tríonóide tiomanta taighde ardchaighdeáin a sholáthar chun sochair na sochaí.

4.2 Maoiniú Taighde

Sa bhliain 2009/10, bhí an-rath ar Choláiste na Tríonóide maoiniú a fháil dá ghníomhaíochtaí taighde. Shroich ioncam chun tacú le gach gníomhaíocht taighde €82 milliún don bhliain, sin laghdú de 9% ar an mbliain 2008/09 nuair a bhí an figiúr sin ag €89.7 milliún. Tá an ranníocaíocht i leith costais indíreacha ón taighde fós faoi bhun an chostais iomláin eacnamaíochta atá ar an taighde a reáchtáil agus mar thoradh air seo bíonn gá an croibhúisíad a úsáid chun fóirdheonú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht taighde. Níl an staid sin inbhuanaithe.

Le roinnt blianta anuas, bhog na foinsí don mhaoiniú taighde ó fhoinsí AE/eachtracha go foinsí a thagann ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus tionscnaimh PRTLÍ arna maoiniú ag an ÚAO den chuid is mó. Bhí 1,753 cuntas gníomhach taighde ann agus thacaigh an ghníomhaíocht taighde sin le 1,574 duine sa bhliain 2009/10.

Foinse an Mhaoinithe do Ghníomhaíochtaí Taighde (Ioncam)	Don Bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2010
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	38%
Fiontraíocht Éireann/ Bioresearch Ireland/PATS	4%
An tÚdarás um Ard-Oideachas	6%
Coimisiún na gComhphobal Eorpach	10%
Eile	42%



4.3 Tionscnaimh Thaighde Nua Choláiste na Tríonóide

Tá Coláiste na Tríonóide ar thús cadhnaíochta i roinnt mórstaidéar fadama, lena n-áirítear taighde faoi leanaí agus aosú agus gníomhaíochtaí sa naineolaíocht agus taighde cumarsáide a dtugann ionaid feabhais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar an gcampas tacaíocht dóibh. Déanann *Trinity Health*, Ionad Leighis Acadúil Choláiste na Tríonóide, an cleachtas is fearr i gcúram othar a nascadh le taighde agus teagasc den scoth in aon samhail rialachais amháin bunaithe ar na hionaid chúraim sláinte is fearr ar domhan. Ar an gcaoi chéanna, tá bonn láidir faoi mhór-institiúidí agus mór-ionaid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i réimsí cosúil le néareolaíocht, domhandú, imdhíoneolaíocht, leigheas móilíneach agus Mol Sheomra Fada Choláiste na Tríonóide do na healaíona agus daonnachtaí. Tá páirt ghníomhach ag an Tríonóid i bhfiontair chomhoibritheacha shuntasacha náisiúnta cosúil leis an Ionad Náisiúnta um Thaighde Digiteach (NDRC), Míochaine Mhóilíneach Éireann (MMI) agus an Institiúid Náisiúnta do Thaighde agus Oiliúint Bithphróiseála (NIBRT).

Chomh maith le tionscnaimh taighde idirdhisciplíneach Choláiste na Tríonóide sna réimse sin, seo a leanas roinnt de na tionscadail nua a seoladh le linn 2009/10:

Ardsaotharlann Micreascópachta

In Aibreán 2010, osclaíodh saoráid taighde naineolaíochtaí den scoth, an tIonad um Thaighde ar Nainstruchtúir agus Nainfheistí Oiriúnaitheacha, an Ardsaotharlann Micreascópachta (CRANN AML), ina bhfuil cuid de na micreascóip is cumhachtaí ar domhan lena féidir ábhar a fheiceáil ag an scála adamhach. Cuirfidh an tsaoráid nua a chosain €12 milliún agus ina bhfuil 6,000 troigh cearnach ar chumas na hÉireann dul san iomaíocht ag leibhéal domhanda chun maoiniú taighde nua agus infheistíocht dhíreach coigríche a bhaint amach nach mbeadh muid in ann a bhaint amach roimhe seo. Níos tábhachtaí arís, cuirfidh sé luach díreach ar fáil do chuideachtaí dúchasacha atá ag obair sna hearnálacha seo a leanas: feistí leighis, ICT agus cógaisíochta. Tá an CRANN AML cómhaoinithe ag an HEA, trí mhaoiniú PRTL 4 a bronnadh ar an gcuibhreas INSPIRE agus ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

An Clár “Ag Conaí le Néaltrú”

Is clár taighde sóisialta i gcúram néaltraithe é an clár Ag Conaí le Néaltrú a bhfuil sé mar aidhm aige dul i ngleic le himeallú na ndaoine a bhfuil néaltrú orthu, soláthar seirbhísí a fheabhsú, tionchar a bheith aige ar fhorbairt beartas agus caighdeán saoil na ndaoine a diagnósíodh leis an ngalar Alzheimer agus le néaltrú gaolmhar a fheabhsú agus seoladh é in Aibreán 2010. Tá sé lonnaithe i Scoil na hOibre Sóisialta agus an Pholasaí Shóisialta agus tá sé mar chuid d’Ionad Eolais Seirbhísí agus Forbairt Néaltraithe ag Ospidéal San Séamas. Tá sé maoinithe ag *The Atlantic Philanthropies*.

Comhaontas Sláinte Idirnáisiúnta Eurolife

D’fhógair Lónra Eurolife d’Ollscoileanna Eorpacha sna hEolaíochtaí Beatha tionscnamh nua sa chomhrac in aghaidh galar a bhaineann le bochtaineacht - *Comhaontas Sláinte Idirnáisiúnta Eurolife (EIHA)*. Tugann sé saineolas seacht de na hollscoileanna is fearr san Eorpa le chéile, faoi chathaoirleacht an Ollaimh Dermot Kelleher, Leas-Phropast Gnóthaí Leighis, TCD i gcomhghuaillíocht atá dírithe ar shláinte níos fearr a chur chun cinn do na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste ar fud an domhain.



4.4 Naisc Thaighde le hInstitiúidí Eile

I measc na nasc taighde le hinstiúidí eile a bunaíodh le linn na bliana acadúla 2009/2010 bhí siad seo a leanas:

An Chéad Chlár Trialach in Éirinn ar an gCarr Leictreach

D'fhógair Scoil na hInnealtóireachta an chéad thionscadal trialach do charr leictreach ar son an ESB i mí Bealtaine 2010. Stiúrfaidh an tOllamh le hInnealtóireacht Shibhialta, Margaret O'Mahony, a foireann taighde chun staidéar a dhéanamh ar conas a úsáideann líonta tí na carranna leictreacha ó thaobh pátrún taistil, athluchtú agus na tionchair a bhíonn ann dá bharr sin ar an gcomhshaol. I measc na spriocanna tionscadail breise beidh teoracha beartas a sholáthar don Stát, meastachán a dhéanamh ar na carranna leictreacha a chur ar an margadh, réitigh a fháil ar fhadhbanna feidhmithe, ceisteanna taighde maidir le tionchar ar an gcomhshaol a bhainistiú agus scrúdú a dhéanamh ar na saincheisteanna tráchtála atá ann maidir le carranna leictreacha.

HEALTHY FUTURES

Bronnadh deontas €3.4 milliún faoi Fho-Ghníomhachtaí Comhshaoil agus Sláinte den Chlár Creat Oibre 7 de chuid an Aontais Eorpaigh ar *HEALTHY FUTURES*, clár taighde idirnáisiúnta faoi stiúir Choláiste na Tríonóide faoi athrú comhshaoil agus sláinte in Oirthear na hAfraice.


Faoi stiúir ag an Ollamh David Taylor, Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha, tá taighdeoirí atá lonnaithe san Eoraip agus san Aifric i 15 institiúid sa chuibhreannas a fhéachann le tuiscint níos fearr a fháil ar na naisc idir an comhshaol, lena n-áirítear aeráid, athruithe agus ráigeanna galar a bhaineann le huisce agus a n-iompraíonn veicteoirí san Afraic.

Comhpháirtíocht Straitéiseach nua idir TCD agus an ESRI

Chomhaontaigh Coláiste na Tríonóide agus an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) comhpháirtíocht straitéiseach nua a chuirfidh ar chumas an dá institiúid láidreachtaí comhoibríocha agus comhlántacha sna heolaíochtaí sóisialta. Bunófar Ionad in Éirinn do Thaighde Fadhillteach mar cheann de na chéad thionscnaimh faoin gcomhpháirtíocht nua. Tabharfaidh an tIonad seo an saineolas sa dá institiúid le chéile agus cuirfidh sé deiseanna ar fáil do chomhthionscadail taighde a fhorbairt agus do mhic léinn iarchéime agus taighdeoirí eile a oiliúnt sna modheolaíochtaí gaolmhara.

Coláiste na Tríonóide agus an tOspidéal Athshlánúcháin Náisiúnta

Bhunaigh Coláiste na Tríonóide agus an tOspidéal Athshlánúcháin Náisiúnta, Dún Laoghaire comhpháirtíocht nua a chuirfidh ar chumas an dá institiúid comhoibriú lena chéile ar mhaithe le teagasc agus taighde, agus oiliúint agus oideachas leighis a chur ar fáil d'fhochéimithe agus d'iarchéimithe. Tríd an gComhpháirtíocht nua seo, beidh ceangal ag an Ospidéal Athshlánúcháin Náisiúnta le Coláiste na Tríonóide mar ionad teagaisc cliniciúil do mhic léinn na Scoile Leighis. Cuirfear socrúcháin chliniciúla do mhic léinn fochéime ar fáil san Ospidéal Athshlánúcháin Náisiúnta i réimsí speisialaithe atá ar fáil san ospidéal.



Fógraíonn TRIL GE Healthcare mar Chomhpháirtí Tionscail Nua

D'fhógair an tIonad Taighde Teicneolaíochta do Chónaí Neamhspleách (TRIL) GE Healthcare mar chomhpháirtí tionscail nua in Aibreán 2010. Cabhróidh GE Healthcare le TRIL a chlár taighde do theicneolaíochtaí nua maidir le cónaí neamhspleách a mheadú agus a fhorbairt. Is tionscnamh taighde den scoth é TRIL a bunaíodh chun fiosrú a dhéanamh ar na hiarmhairtí fisiciúla, cognaíocha agus sóisialta a bhaineann le haosú agus chun teicneolaíochtaí a dheardh chun dul i ngleic leo. Is comhpháirtíocht é an tIonad TRIL idir na comh-mhaoinitheoirí Intel Corporation, IDA Ireland agus na compháirtithe acadúla Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Claith, UCD agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Comhpháirtíocht nua d'Oideachas Múinteoirí

I mí na Bealtaine 2010, d'fhógair Coláiste na Tríonóide comhpháirtíocht nua d'oideachas múinteoirí lena chuid Coláistí Gaolmhara, Institiúid Oideachais Marino agus Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann. Forbróidh an chomhpháirtíocht nua, ag teacht le sárchleachtas in oideachas múinteoirí agus nuáil curaclaim, cur chuige níos lánpháirtí i leith teoirice agus cleachtais in oideachas múinteoirí agus cuirfidh sé go mór le taithí na mac léinn. Beidh féinriail agus smacht ag an dá Choláiste Oideachais Ghaolmhar ar theagasc agus eagrúcháin ar a gcuid clár fochéime féin agus cuirfidh siad níos mó solúbthachta agus indibhidiúlachta ar fáil sna cláir freisin. Soláthraíonn an chomhpháirtíocht nua do chomhoibriú níos fearr idir TCD agus na Coláistí Gaolmhara maidir le hoideachais agus taighde iarchéime.

Tionscadal Taighde Luath-Fhicsin TCD agus QUB


Is tionscadal taighde comhoibríoch é an tionscadal 'Luath-Fhicsin' idir Scoil an Bhéarla i gColáiste na Tríonóide agus Scoil an Bhéarla in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste a dhéanann maoirsiú ar fhoilsiú shraith eagrán criticiúla de théacsanna ficsin atá leagtha amach do scoláirí agus do mhic léinn atá ag scríobh sa Bhéarla agus do gach duine eile a bhfuil suim acu sa tréimse in Éirinn idir 1680 -1820. Seoladh an chéad dhá imleabhar de théacsanna eagraithe mar chuid den sraith 'Luath-Fhicsin, c.1680 - c.1820' i Márta 2010.

Scoil Leighis Choláiste na Tríonóide agus Ollscoil Michigan

Cuirfidh comhoibriú acadúil nua idir Scoil Leighis Choláiste na Tríonóide agus an Roinn Móilíneach agus fiseolaíocht Lánpháirtitheach in Ollscoil Michigan ar chumas an dá institiúid a gcuid láidreachtaí acadúla agus straitéisí taighde a fhorbairt. Cuirfidh an comhoibriú ar chumas mhic léinn PhD agus chomhaltaí iardhochtúireachta as an dá ollscoil taighde a dhéanamh ag an institiúid comhpháirtíochta mar chuid dá n-oiliúint, rud a éascóidh roinnt intleachta agus cruthú na n-ionad barr feabhais ag leibhéal idirnáisiúnta.

Cuibhreannas Bitheolaíochta Ceimicí

Ba é Coláiste na Tríonóide an chéad institiúid Eorpach a chuaigh isteach mar bhall oifigiúil sa Chuibhreannas Bitheolaíochta Ceimicí de chuid na hInstitiúide Náisiúnta Ailse i nDeireadh Fómhair 2009. Is forbairt idirnáisiúnta nuálaíoch atá sa Chuibhreannas Bitheolaíochta Ceimicí (CBC) a dhíríonn ar an mbearna atá idir bunimscrúdú eolaíochta agus taighde cliniciúil a líonadh, chun drugaí nua a thabhairt chuig an gclinic don othar a bhfuil ailse air/uirthi. Ar an CBC tá bitheolaithe ceimiceacha, eolaithe aistritheacha, oinceolaithe móilíneacha, ionaid scagthástála rialtais, tionscail agus acadúil ina bhfuil scileanna agus saineolas sonrath chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais san oinceolaíocht teiripeach nach bhfuil freastal déanta orthu. Mar bhall den CBC, oibreoidh Coláiste na Tríonóide ar "fhoireann eolaíochta" a dhéanfaidh iarracht teacht ar dhruaga d'ailse luathaithe ó shainaitheantargaidí, scagthástáil tréchuair ard an bealach ar fad trí thrialacha cliniciúla.



4.5 Scoláireachtaí agus Gradaim Thaighdeoirí TCD

Lean comhaltaí foirne Choláiste na Tríonóide orthu ag baint amach barr feabhais ina ngnóthachtálacha taighde agus bhain amach gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta:

€102.5 milliún i maoiniú do chláir taighde Choláiste na Tríonóide (€81.9 milliún faoi Chláir an Rialtais do Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéil (PRTL) Timthriall 5 agus €20.6 milliún i maoiniú meaitseála). D'éirigh le seacht togra déag a chuir Coláiste na Tríonóide ar aghaidh chuig PRTL 5. I measc na mórthionscadal a fuair Coláiste na Tríonóide maoiniú dóibh bhí: Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide ar Shráid an Phiarsaigh a fuair €55.4 milliún; agus €20 milliún do chláir struchtúrtha PhD agus Acadamh Nuálaíochta ceannródaíoch TCD-UCD. Cruthóidh na cláir PhD 100 post taighde agus ardáin taighde, comhpháirtíochtaí agus samhlacha nuálaíochta ar fud raon disciplíní, lena n-áirítear eolaíocht agus innealtóireacht, eolaíochtaí sóisialta, agus na healaíona agus na daonnachtaí.



Baill nua Acadamh Ríoga na hÉireann an tOllamh John Boland, an tOllamh Timothy Foster, an tOllamh Jane Grimson agus an tOllamh James Whiston i dteannta Uachtarán Acadamh Ríoga na hÉireann an tOllamh Nicholas Canny (an dara duine ar chlé)

Ghlac Acadamh Ríoga na hÉireann le ceathrar de Lucht Acadúil Choláiste na Tríonóide mar bhaill nua in 2010. I measc na mball nua bhí an tOllamh John Boland, Ollamh le Ceimic agus Stiúrthoir CRANN; An tOllamh Timothy Foster, Ollamh le Micribhitheolaíocht Mhóilíneach; an tOllamh Jane Grimson, Ollamh le hEolaíocht Ríomhaireachta agus duine de lucht bunaithe Ionad Faisnéisíochta Sláinte TCD; agus an tOllamh James Whiston, Comhollamh le Spáinnis. Féachtar ar an toghadh chuig Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) ar an onóir acadúil is airde in Éirinn agus is aitheantas poiblí é ar ghnóthachtálacha acadúla.

Fuair sé thionscadal taighde de chuid Choláiste na Tríonóide maoiniú de níos mó ná €7milliún amach faoi Chláir Príomhthaighdeora de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann in Aibreán 2010. I gceannas na dtionscadal taighde den scoth ar éirigh go hiontach leo bhí: An tOllamh Nick Campbell, An tOllamh Ailbhe Ní Chasaide agus An Dr Christer Gobl, Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra agus Cumarsáide, An tOllamh Dan Bradley, An Scoil Géineolaíochta agus Micribhitheolaíochta, An tOllamh Martin Hegner, Scoil na Fisice agus CRANN; An Dr Ross McManus; Scoil an Leighis, An Dr Kevin Mitchell, An Scoil Géineolaíochta agus Micribhitheolaíochta; agus An tOllamh Mathias Senge, Scoil na Ceimice.



Bronnadh Mórdheontas Tosaigh de €1.5 milliún ó Chomhairle Taighde na hEorpa ar bheirt thaighdeoirí as Coláiste na Tríonóide in 2010. Ba iad sin: An Dr Daniel Kelly, Scoil na hInnealtóireachta, agus Príomhthaighdeoir ag Ionad um Bithinnealtóireacht Choláiste na Tríonóide agus An tOllamh Jonathan Coleman, Scoil na Fisice agus Príomhthaighdeoir ag CRANN. Ní bhronntar na deontais seo ach amháin ar na 300 eolaí is fearr ar fud na hEorpa, níos lú ná 10% de na heolaithe ar fad a chuireann isteach air.

Bhuaigh an tOllamh Luke O'Neill, Scoil na Bithcheimice agus na hImdhíoneolaíochta an Bonn Boyle RDS *Irish Times* do Shaineolas Eolaíochta as a chuid oibre ceannródaíoch ar thuiscint mhóilíneach na himdhíonachta dúchais agus galar athlastach ar nós airtríteas réamatóideach. Fógraíodh an tOllamh O'Neill mar bhuaiteoir ar an gcéad ghradam do Thaighdeoir na Bliana de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.


Tá eolaithe Choláiste na Tríonóide atá lonnaithe san Institiúid do Leigheas Móilíneach, Scoil an Leighis, i gcomhar le CRANN, i gceannas ar fhoireann phan-orpach Eorpach a bhfuil thart ar €12 milliún i maoiniú faighte aici chun próiseas nanaitheicneolaíochta den scoth a fhorbairt a dhéanfaidh diagnóisiú luath agus tapaidh ar fhormhór na gcineálacha ailse. Trí mhaoiniú ó Chlár 7 den Chreat Eorpach (EU-FP7), tá sé mar aidhm ag na heolaithe ardfeistí diagnóiseacha leighis a chruthú, arna gcumasú ag nanaitheicneolaíocht atá dírithe go sonrach ar ailse a dhiagnóisiú agus a chóireáil.

Bronnadh níos mó ná €1.8 milliún ar dheichniúr taighdeoirí as Coláiste na Tríonóide chun tacú le tionscadail taighde den scoth a bhaineann le sláinte faoi Chlár Teorainneacha Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Tá sé mar aidhm ag na gradaim tacú le taighde imscrúdaithe ardchaighdeáin atá iomaíoch ar leibhéal idirnáisiúnta maidir le hardoideachas ar fud na ndisciplíní eolaíochta, matamaitice agus innealtóireachta.

I Márta 2010, d'éirigh le roinnt taighdeoirí as Coláiste na Tríonóide scéimeanna maoinithe de chuid na gcomhairlí seo a leanas a bhaint amach: Comhairle Taighde na hÉireann don Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht (IRCSET) agus Comhairle Taighde na hÉireann do na Daonnachtaí agus do na hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS).

Bhuaigh an tOllamh Desmond O'Neill, Scoil an Leighis, an *All Ireland Inspirational Life Award* i Márta 2010 as a chuid oibre ceannaireachta ceannródaíoch le daoine scothaosta a spreagadh chun saolta gníomhach agus comhlíontacha a chaitheamh. Tá an gradam, an chéad cheann den chineál sin in Éirinn, dírithe ar omós a léiriú do dhaoine aonair, ar thionscadail agus ar eagraíochtaí as a gceannaireacht agus a n-éachtaí maidir leis an obair a dhéanann siad chun tacú le daoine scothaosta gach is féidir leo a bhaint amach agus chun dul i ngleic le haoiseachas.

Roghnaíodh an tOllamh le Maicreacnamaíocht Idirnáisiúnta, Philip Lane, Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus na Fealsúnachta, chomh maith lena chomhscríobhneoir, do Ghradam Bhagwati 2010. Bronntar an gradam seo gach bliain ar an alt is fearr a foilsíodh san *Journal of International Economics* agus roghnaíonn Bord Eagarthóireachta *Journal of International Economics* an buaiteoir.



Toghadh an tOllamh Charles Dorman, Ollamh le Micribhitheolaíocht agus Ceann na Scoile Géineolaíochta agus Micribhitheolaíochta ina Chomhalta ar Acadamh Micribhitheolaíochta Mheiriceá. Déanann an tAcadamh, an grúpa ceannrúdaíoch onórach laistigh de Chumann Micribhitheolaíochta Mheiriceá agus an eagraíocht is sine agus is mó ar domhan, comhaltaí a thoghadh gach bliain trí phróiseas athbhreithnithe piaraí thar a bheith roghnaitheach.

Ceapadh Luibheolaí TCD, An Dr Peter Wyse Jackson, Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha, ina Uachtarán ar an Missouri Botanical Garden, ceann de na hinstiúidí luibheolaíoch is sine i Meiriceá. Roghnaigh bord na heagraíochta an Dr Jackson, a bhí ina stiúrthóir ar Ghairdíní Lusanna Náisiúnta na hÉireann ó 2005, mar gheall ar a chuid taithí gairneoireachta agus luibheolaíochta agus mar gheall ar an tuiscint atá aige ar an tábhacht a bhaineann le hinbhuaíneacht agus caomhnú.

Bronnadh an *Irish PEN Award for Contribution to Irish Literature* ar an Ollamh Brendan Kennelly, Comhalta Emeritus agus Iarollamh le Nua-Litríocht ag Scoil an Bhéarla.

Fógraíodh an Comh-Ollamh le Béarla agus an file Eiléan Ní Chuilleanáin mar bhuaiteoir idirnáisiúnta ar an duais mór le rá i gCeanada an *Griffin Poetry Prize* as a bailiúchán, *The Sun-fish* i Meitheamh 2010. Roghnaíodh a bailiúchán as beagnach 400 iontráil a fuarthas ó 12 tír.

Bronnadh deontas €1.4 milliún ar an Ollamh Kevin O'Rourke, Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus na Fealsúnachta in Eanáir 2010 le cur ar a chumas taighde a dhéanamh ar na hidirghaolmhaireachtaí idir trádáil, beartais trádála agus an Spealadh Mór. Ba é an tOllamh O'Rourke an chéad taighdeoir as Éirinn chun Ard-Dheontas Taighdeora de chuid Chomhairle Taighde na hEorpa a bhaint amach.

Toghadh an tOllamh John Dillon, Ollamh Emeritus leis an nGréigis, Scoil na Staire agus na Daonnachtaí mar chomhalta comhfhreagrach ar Acadamh na hAithne i Meitheamh 2010 chun aitheantas a thabhairt don obair shuntasach agus bhunaidh a rinne sé ar fhealsúnacht na Gréige. Tá sé ar dhuine de na beag eachtrannach agus an chéad duine acadúil as Éirinn, a fuair an onóir eagsúil seo.

Bronnadh an Gradam Roche do Thaighdeoir na Bliana ar an Dr Susan Carpenter, Scoil na Bithcheimice agus na hImdhíoneolaíochta, as an obair a rinne sí maidir le prótín nua ar a dtugtar TRIL a d'fhéadfadh ról a bheith aige ó thaobh neamhoird a bhaineann le lárchóras na néaróg a mhaolú ar nós Scléarós Iolrach agus galar Alzheimer.

Bhuaigh an taighdeoir as Scoil na hInnealtóireachta, Aidan Quilligan, Gradam na Moltóirí sa Chomórtas 'Making and Impact' de chuid an HEA as a chuid taighde ar 'Optimisation of Concrete Wind Turbine Towers'. Sa chomórtas, atá oscailte do thaighdeoirí as disciplín ar bith, iarrtar ar iarratasóirí aighneachtaí a chur isteach faoin difríocht a d'fhéadfadh a bheith ag a gcuid taighde ar shaol na hÉireann, ar an tír iomlán nó ag leibhéal idirnáisiúnta.

Toghadh an tOllamh Colm O'Morain, Déan Dhámh na nEolaíochtaí Sláinte agus gaistrentreolaí comhairleach ag Ospidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath ag cuimsiú an tOspidéal Náisiúnta Leanaí sa Tamhlacht (AMNCH), ina Uachtarán ar an gCónaidhm Gaistreineolaíochta Eorpach, (UEGF) i Nollaig 2009.



Ceapadh an tOllamh John Pethica, Scoil na Fisice agus an Príomhthaighdeoir ag CRANN ina Rúnaí Eolaíochtaí Fisiceacha agus ina Leas-Uachtarán ar an gCumann Ríoga. Is é an Cumann Ríoga an t-acadamh eolaíochta is sine ar domhan go dtí seo agus bíonn sé chun tosaigh i gcónaí maidir le fiosrúchán agus fionnachtain ó bunaíodh é in 1660.

Fuair Stiúrthóir an Rannáin Radaiteiripe, Scoil an Leighis, Mary Coffey Uasal, an gradam mór le rá, an *Emmanuel van der Schueren Award* mar aitheantas ar an méid oibre a dhéanann sí maidir le hoinceolaíocht radaíochta. Bhí ról ríthábhachtach ag Mary Coffey Uasal ó thaobh oideachas a chur ar theiripeoirí radaíochta ar fud an domhain agus bhí sí ar dhuine de na comhaltaí bunaithe ar Choiste na dTeiripeoirí Radaíochta de chuid an *European Society for Therapeutic Radiology and Oncology (ESTRO)*.

Toghadh an tOllamh Robbie Gilligan, Ceann Scoil na hOibre Sóisialta agus an Pholasaí Shóisialta ina Uachtarán ar Líonra Taighde Idirnáisiúnta Childwatch i mBealtaine 2010. Is Líonra neamhrialtas, neamhbhrabúsach domhanda é Childwatch ina bhfuil 45 institiúid taighde ag leibhéal ollscoile ar fud sé ilchríoch.

Ba é an tOllamh Louis Brennan, Scoil an Ghnó, an chéad taighdeoir as Éirinn sna hEolaíochtaí Sóisialta ar bronnadh maoiniú COST air as a thogra ar theacht chun cinn na gCuideachtaí Ilnáisiúnta ón Deisceart. Bhronn COST, creat oibre idir-rialtasach do Comhoibriú Eorpach san Eolaíocht agus san Teicneolaíocht, maoiniú ar thrí thogra a roghnaíodh as níos mó ná 120 togra a fuarthas ó ar fud na hEorpa.

Bhunaigh an Dr. Denise Crossan, Scoil an Ghnó, an Líonra Taighde Fiontraíochta Sóisialta in Éirinn in 2009, agus bhunaigh sí an tSraith Cainteoirí Fiontraíochta Sóisialta i gcomhar le Cumann Fiontraíochta Choláiste na Tríonóide agus le Ashoka Ireland in 2010. Ceapadh An Dr. Crossan ina Cathaoirleach ar an Rannóg Fiontraíochta Sóisialta sa Chumann Taighdeoirí i nGníomhartha Neamhbhrabúsacha agus Deonacha (ARNOVA).

Bronnadh maoiniú ar cheathrar taighdeoirí faoi Dheontas Taighdeora Tosaigh nua de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a fógraíodh i nDeireadh Fómhair 2009. Ba iad seo a leanas na comhaltaí taighde ar éirigh leo: An Dr Emmanuelle Graciet, Géineolaíocht; An Dr Roger Preston, Haemateolaíocht; An Dr Paul Eastham, Fisic; agus An Dr Jean Fletcher, Bithcheimic. Cuideoidh an scéim seo le 15 taighdeoir a bhfuil go leor tallainne acu agus atá ag céim luath ina ngairmeacha chun bogadh ar aghaidh i dtreo ghairm bheatha taighde acadúil a bheidh go hiomlán neamhspleách.

Bronnadh maoiniú Wellcome Trust ar an Ollamh Shane O'Mara, Stiúrthóir Institiúid Néareolaíochta Choláiste na Tríonóide chun taighde a dhéanamh ar na sásraí inchinne a bhaineann le haimnéise. Sa bhreis air sin, bhronn an Wellcome Trust Comhaltacht Taighde Shinsearach ar An Dr Colm Cunningham, léachtóir taighde i Scoil na Bithcheimice agus na hImdhíoneolaíochta as an taighde a rinne sé ar rámhaille. Beidh comhpháirtíochtaí idir-institiúide mar thoradh ar a gcuid taighde d'fhonn cóireáil agus diagnóisiú a thabhairt chun cinn do ghalair a mbíonn maolú cognaíoch mar thoradh orthu.

Bronnadh an James S. McDonnell Foundation, deontas ó Stáit Aontaithe Mheiriceá ar an Dr Conor Houghton, Scoil na Matamaitice as an taighde a rinne sé ar réimse nua staidéir, néareolaíocht matamaitice, a chuimsíonn matamaitic agus néareolaíocht.

Fuair an Dr Brian Coghlan, Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta agus na Staitisticí agus a fhoireann taighde i gcomhar le cúigear comhpháirtí Eorpach maoiniú ón gClár Creat Oibre Eorpach 7 ar b'fhiú



€2.3 milliún é chun tionscadal bogearraí idirlíon-bhunaithe ar a dtugtar StratusLab a fhorbairt a bhfuil sé mar aidhm aige infrastruchtúir ríomhaireachta dailte a chur chun cinn a chuirfidh ar chumas institiúidí taighde agus ardoideachais ar fud an domhain acmhainní ríomhaireachta a roinnt.


Bhronn Atlantic Philanthropies €2.5 milliún ar chlár nua dar teideal *Neuroenhancement for Inequalities in Elder Lives (NIEL)* a bhfuil sé mar aidhm aige néaltrú agus lagú cognaíoch i measc daoine scothaosta a chosc trí fheidhm chognaíoch a fheabhsú trí mheascán de spreagthaí inchinne, oiliúint intinne agus cógais. Tá an tionscnamh faoi cheannas an Ollaimh le Síceolaíocht, Ian Robertson in Institiúid Néareolaíochta Choláiste na Tríonóide, i gcomhar leis an Ollamh le Síciatracht Seanaoise agus an Síciatraí Comhairleach ag Ospidéal San Séamus, Brian Lawlor.

Bronnadh €2.75 milliún ó Chlár 7 den Chreat Eorpach ar Ionad Taighde Eolaíochta & Innealtóireachta na mBan (WiSER) agus ar Ghailearaí Eolaíochta Choláiste na Tríonóide ar mhaithe leis an tionscadal trí bliana *Towards Women in Science & Technology (TWIST)* in Eanáir 2010. Tá sé mar aidhm ag TWIST, arna bhainistiú ag Caroline Roughneen, Stiúrthóir WiSER agus Lynn Scarff, Gailearaí Eolaíochta, feasacht a ardú ar na ról fadréimseacha a bhíonn ag mná san eolaíocht, san innealtóireacht agus sa teicneolaíocht agus béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le hinscne ó thaobh taighde eolaíochta.

Bhuaigh an tOllamh Igor Shvets, Scoil na Fisice an gradam *Best in Class* ag Gradaim Tráchtálaíochta Teicneolaíochtaí Tionscail de chuid Enterprise Ireland in 2009. Cuireadh gaireas íomháithe 3D chun damáiste craicinn a thomhas ar an margadh go rathúil mar thoradh ar a chuid taighde agus is féidir an gaireas seo a úsáid go cosmaideach agus go deirmeolaíoch. Bronntar an gradam *Best in Class* ar thaighdeoir gach bliain a léirigh saineolas eolaíochta agus eolas ar riachtanais an tionscail.

Bhronn Cumann Idirnáisiúnta na Leabharlann Ceoil Gradam Sármhaitheasa ar leabharlann ceoil Choláiste na Tríonóide. Aithníodh an leabharlann ceoil mar an bailiúchán is forleithne d'ábhar taighde in Éirinn agus tá leabharlanna agus bailiúcháin ó chumadóirí na hÉireann ón 20ú haois chomh maith le míreanna ceoil agus ceol tíre na hÉireann ón 16ú haois agus a bhfuil rochtain oscailte orthu ar fáil sa leabharlann freisin.





5. Nuálaíocht agus Tráchtálú

Tacaíonn Taighde & Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide (TR&I) go gníomhach le punann taighde níos leithne de chuid Choláiste na Tríonóide. Déanann an t-aonad seo cothú agus bainistiú ar an gcaidreamh idir taighdeoirí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, gníomhaireachtaí maoiniúcháin agus tionscal. Tá sé freagrach freisin as bainistiú a dhéanamh ar Mhain Intleachtúil Choláiste na Tríonóide, Aistriú Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, Tráchtálú agus Fiontraíocht. De réir an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Phlean Straitéiseach an Choláiste, féachann Taighde & Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide le fónamh a bhaint as smaointe nua a ionchorpraíonn teicneolaíochtaí nua.

Éascaíonn Taighde & Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide idirchaidreamh idir an ollscoil, gníomhaireachtaí seachtracha agus tionscal, trí cheithre rannóg: Forbairt taighde, Conarthaí, Aistriú Teicneolaíochta agus Fiontraíocht.

5.1 Maoiniú Taighde agus Maoin Intleachtúil

Le linn na bliana acadúla 2009/10, rinneadh 20 paitinn a chomhdú, 11 ceadúnas tráchtála a dheonú agus 12 seach-chuideachta a cheadú.


5.2 Fiontraíocht agus Nuálaíocht

Thacaigh an rannóg Fiontraíochta le 35 iarchéimí agus taighdeoirí ar an gClár Fiontraíochta.

Bronnadh Gradam Nuálaíochta Choláiste na Tríonóide 2010 ar Creme Software Ltd, seach-chuideachta a bunaíodh in 2005 agus a bhfuil 15 gairmí ag obair ann anois. I measc a chuid custaiméirí tá na cuideachtaí bia is mó ar domhain chomh maith le gníomhaireachtaí rialála san Eoraip agus i Meiriceá.

CEO Crème Software, Cronan McNamara, Comh-Bhunaitheoir agus Stiúrthóir Crème, Audrey Crosbie agus an Propast, an Dr John Hegarty





6. Acmhainní Daonna

Tá feidhm Acmhainní Daonna Choláiste na Tríonóide, an Oifig Foirne, ag cuidiú leis an gColáiste a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach trí earcú, coinneáil agus forbairt daoine den chéad scoth. Chun soláthar éifeachtach na seirbhísí seo a chinntiú tá an Oifig Foirne eagraithe i gceithre phríomhréimse – eadhon Earcaíocht, Pleanáil Foirne agus Párolla, Caidrimh Foirne agus Forbairt Foirne.


6.1 Creat Rialaithe Fostaíochta

Comhaontaíodh creat rialaithe fostaíochta (ECF) don earnáil oideachais in Eanáir 2010 a chuir moratorium i bhfeidhm ar institiúidí tríú leibhéal. Ar an dá phríomhchoinníoll a bhí sa chreat bhí buiséad cothromaithe a choinneáil agus an líon foirne a fuair maoiniú lárnach i gcomparáid leis an líon foirne a bhí fostaithe ag deireadh na Nollag 2008 a laghdú.

Sa chéad eagrán den ECF, féachadh ar na baill foirne sin a bhí maoinithe ó ‘chúrsaí féin-mhainithe’ mar phríomhbhaill foirne. Rinne an Coláiste go leor athruithe ar an mbunús nárbh fhéidir freastal a dhéanamh ar aon chumas breise a cruthaíodh trí mhaoiniú neamhstáthchiste laistigh den teorainn fostaíochta a bhí ann ag an am. Chun tacaíocht agus misneach a thabhairt do scoileanna a bheith fiontraíoch agus nualáíoch ó thaobh ioncam neamhstáthchiste a aithint, bhí sé rithábachtach go nglacfaí le cur chuige eile i leith chatagóirí maoinithe. D’éirigh leis seo agus rinneadh coigeartú ar an ECF chun athrangú na dtáillí teagaisc féinmhaoinithe a cheadú in imthosca áirithe mar fhoinse maoinithe neamhStáthchiste.

Bhí an Coláiste ag obair i dtreo laghdú measta de 6% ar an mbunlíon foirne a bhaint amach do mhí na Nollag 2010. I mí Bealtaine, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar líon na mac léinn agus ar líon na foirne agus nuair a tháinig deireadh le pléití ag cruinnithe buiséid 2010, mhol an HEA don Choláiste go raibh laghdú de 115.5 post (6.1%) ar a laghad riachtanach sa Choláiste. Déanann Grúpa Pleanála Choláiste na Tríonóide maoirsiú ar an líon foirne agus déanann sé dlúthmhonatóireacht ar na tuartha atá ann maidir leis an líon foirne mar chuid dá chlár oibre rialta. Ba chóir a thabhairt ar aird go raibh tionchar ag an ECF ar chaighdeán gníomhaíochtaí an Choláiste agus go gcuireann sé go leor deiseanna ar fáil chun deireadh a chur le poist rud a bhíonn laghdú neamhchothrom ar fud an Choláiste mar thoradh air.

Níl pearsanra ná córas párolla an Choláiste leagtha amach chun déileáil leis an tuairisciú casta atá riachtanach anois. Ghlac an Oifig Foirne le nósanna imeachta chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo agus lena chinntiú go bhféadfadh líon foirne cruinn a thabhairt ar fhógra réasúnta gearr.



6.2 Foireann

Thug scoileanna agus réimsí eile bearta do choigilt costais isteach a dhírigh ar na poist atá riachtanach ó thaobh misin acadúil an Choláiste a choinneáil. Níorbh fhéidir an tionchar a bheadh ag na laghduithe seo ar chaighdeán na ngníomhaíochtaí agus na seirbhísí a sheachaint. Tá go leor oibre déanta ag foireann an Choláiste maidir le coigilt costais agus chinntigh a ndea-thoil go bhfuil tionchar an ECF ar an gColáiste coinnithe chomh íseal agus is féidir

Poist 'New Blood'

In Eanáir 2010, d'fhógair an Leas-Phropast / CAO clár '*new blood*', clár a chuirfeadh Plean Straitéiseach an Choláiste 2009-2014 chun cinn go mór. Ba é príomhchuspóir na scéime ná seachadadh gnéithe éagsúla den phlean a éascú i Scoileanna, go háirithe na gnéithe sin sna *Caibidil Oideachas agus Cruthú agus Aistriú Eolais*. Tá roinnt de na poist seo le bheith ina gcomhcheapacháin chun gníomhaíochtaí idirdhisciplíneacha a chur chun cinn laistigh de scoileanna agus idir scoileanna araon. Tagann an maoiniú do na poist cúig bliana seo ó fhoinsí ioncaim neamhstátcchiste.

Ceadaíodh sé Léachtóireachtaí *New Blood Ussher* is fiche le cur ar chomhad agus bronnadh deich gcinn díobh sin ar Dhámh nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, ocht gcinn ar Dhámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta, ceithre cinn ar Dhámh na nEolaíochtaí Sláinte agus is comhcheapacháin Dámh iad ceithre cinn eile. Ceapadh ocht n-iarrthóir déag roimh dheireadh na bliana acadúla 2009/10.

Earcú Cathaoirleachta

Tugadh trí chomórtas do na poist seo a leanas i gcrích: Cathaoirleach Síciatracha do Leanaí agus d'Ógánaigh (2009) (Ospidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath ag cuimsiú an t-Ospidéal Náisiúnta Leanaí agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte), Ollamh le Neifreolaíocht / Neifreolaí Comhairleach & Lia Ginearálta (AMNCH), agus Ollamh le Haemateolaíocht / Haemateolaí Comhairleach (Cliniciúil & Saotharlann), Ospidéal San Séamas. Cuireadh tús le sé chomórtas eile chun Cathaoirleach a fháil do Chathaoirleacht Samuel Beckett i Staidéir Drámaíochta agus Scannáin agus do Chathaoirleacht na Néareolaíochta Cognaíche maidir le hAosú atá lonnaithe i nDámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta; dhá Chathaoirleacht i nDámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta, an Chathaoirleacht Erasmus Smith sa Mhatamaitic agus an Chathaoirleacht Geolaíochta agus Mianreolaíochta ach go háirithe; agus dhá Chathaoirleacht eile i nDámh na nEolaíochtaí Sláinte: Ollamh le Míochaine Mhaolaitheach agus Cathaoirleacht Haemateolaíochta Gabriel Stokes.



7. Tionscnaimh nua sa Choláiste




An Propast an Dochtúir John Hegarty, Edward Kemp, Stiúrthóir an RADA agus Danielle Ryan ó Ionntaobhas Cathal Ryan

Bhí roinnt tionscnamh nua sa Choláiste i rith na bliana acadúla 2009/10:

Fógraíodh *The Lir, National Academy of Dramatic Art* i gColáiste na Tríonóide i mí na Nollag 2009. Tá an tAcadamh á fhorbairt i gcomhar le hIonntaobhas Cathal Ryan i gcomhar leis an Royal Academy of Dramatic Art (RADA) i Londain. San Acadamh, beidh na caighdeáin idirnáisiúnta is airde san oideachas agus san oiliúint d'aisteoirí, do stiúrthóirí, do dhrámadóirí, do bhainisteoirí stáitse agus do theicneoirí. Cuirfidh sé trí chúrsa ag leibhéal fochéime agus iarchéime ar fáil arna leagan amach i Scoil Drámaíochta, Scannánaíochta agus Ceoil Choláiste na Tríonóide ag an Ollamh Brian Singleton i gcomhar le RADA, ón mbliain acadúil 2011/12.

In 2010, sheol Coláiste na Tríonóide 'Ealaíona, Teicneolaíochtaí agus Cultúir Chruthaitheacha' (CATC), tionscnamh mór chun cur chuige dinimiciúil nua a threorú i leith smaointe, nascthacht agus cláir nua ar fud na n-Ealaíon agus na nEolaíochtaí agus idir an Chathair agus Coláiste na Tríonóide. Mar gheall ar na láidreachtaí agus ar an saineolas éagsúil atá san ollscoil agus na grúpaí uathúla d'institiúidí cultúir agus taibh-ealaíon atá i gcathair Bhaile Átha Cliath, tá an tionscnamh nua ag treisiú líonra nua scagach san oideachas, sa taighde, sa chleachtas cruthaitheach agus sa bhfiontraíocht ag croílár na cathrach i sé réimsí ceannródaíoch. Is iad na réimsí sin ná: scríbhneoireacht chruthaitheach, cumadóireacht ceoil, oidhreacht chultúir, teicneolaíochtaí cruthaitheacha, amharcealaíona agus drámaíocht.

Sheol an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív TD an chéad Scéim Teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla riamh i gColáiste na Tríonóide i mí Feabhra 2010.



Sa Scéim Teanga 2010-2012 seo, leagtar amach na réimsí ina bhfuil Coláiste na Tríonóide tiomanta d'fheabhsú sna seirbhísí dátheangacha a chuirtear ar fáil do chomhaltaí foirne, do mhic léinn agus don phobal i gcoitinne. Cuimsíonn gealltanais na scéime oiliúint agus earcaíocht foirne, seirbhísí custaiméara dátheangacha, suímh ghréasáin an Choláiste agus foilseacháin dhátheangacha, na meáin agus teicneolaíocht faisnéise, mar aon leis an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga bheo ar an gcampas agus sa tsochaí. Déanfar scéimeanna cónaithe Gaeilge na mac léinn, ina mbíonn grúpa cainteoirí Gaeilge ina gcónaí le chéile i lóistín do mhic léinn, a fhorbairt a thuilleadh. Déanfar an caidreamh atá ann le heagraíochtaí Gaeilge, le alumni an Choláiste agus leis an bpobal i gcoitinne, a neartú a thuilleadh.

Bunaíodh Grúpa Straitéise Chumarsáid Dhigiteach (DCSG) i ndeireadh 2009 chun comhordú a dhéanamh ar na grúpaí éagsúla a raibh sé de chúram orthu ábhar agus cumarsáid dhigiteach a sheachadadh laistigh agus lasmuigh den Choláiste. Tá an DCSG freagrach as gné de Straitéis Eolais an Choláiste agus plean cumarsáide ar líne a sheachadadh agus atá mar phríomhghnéithe freisin de Phlean Straitéiseach an Choláiste 2009-14. Tá cumarsáid dhigiteach mar chuid de gach réimse i dtéamaí straitéiseacha an Choláiste agus dá bhrí sin tá sí ríthábhachtach ó thaobh cupsóirí an Choláiste a bhaint amach. I measc samplaí de thionscadail a thiteann faoi réimse freagrachta an DCSG tá Timpeallacht Foghlama Fhíorúil nua (VLE), ábhar iTunes U, podchraoladh agus infrastruchtúr iTunes U, líonrú sóisialta (teagasc agus foghlaim), líonrú sóisialta (ginearalta), idirlíon soghluaiste, CampusM, agus Córas Bainistithe Ábhar (CMS).

Rinne an tOifigeach Comhionannais faoi threoir an Choiste Comhionannais athbhreithniú ar na beartais chomhionannais atá ann cheana féin, agus é mar sprioc aige Beartas Comhionannais comhdhlúithe a fhorbairt do chomhaltaí foirne agus do mhic léinn a chuirfeadh tiomantas an Choláiste i leith comhionannais agus uilechuimsitheachta chun cinn i ngach gníomhaíocht dá chuid laistigh den chreat oibre a chuireann na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2010 agus na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2010 ar fáil.

Lean an tOifigeach Comhionannais agus príomhréimsí sa Choláiste (na hOifigí Míchumais agus Foirne) ar aghaidh ag obair go forghníomhach faoi threoir Choiste Comhionannais an Choláiste agus grúpaí eile chun timpeallacht oibre cuiditheach atá riachtanach chun fostaíocht na ndaoine a bhfuil míchumais orthu a chur chun cinn chomh maith le rannpháirtíocht chothrom agus forbairt gairmeacha beatha a chur ar fáil ar fud na naoi bhforas comhionannais ar fad. I measc na n-iarrachtaí seo bhí eolas bainistíochta a chur ar fáil, tuarascáil anailís inscne ar an Merit Bar, clár feasachta dínite agus measa do chomhaltaí foirne agus do mhic léinn agus mar thoradh orthu bhí roinnt imeachtaí ar fud an Choláiste agus san áireamh leo bhí an tSeachtain Aosú Dearfach, Seachtain Idirnáisiúnta na mBan agus comóradh 10 mbliana na Seirbhísí Míchumais chomh maith le tionscnaimh Chiste Comhionannais an Choláiste. Lean an Coláiste ar aghaidh ag obair go dlúth leis an Líonra Comhionannais IUA ag roinnt dea-chleachtais agus ag fáil maoinithe do thionscadail earnálacha.



Thacaigh an clár Chiste Comhionannais a bhunaigh an Coiste Comhionannais in 2007 le 12 tionscadal foirne agus mac léinn in 2009/10 faoi na téamaí 'Ag saibhriú phobal an Choláiste uilechuimsithigh', 'Meabhairshláinte agus comhionannas', 'Caith le daoine eile mar ba mhaith leo caitheamh leo', 'Mná agus fir i gColáiste: ag spreagadh rannpháiríocht iomlán', agus 'Ag dul i nGleic le Steiréitíopaí'.

I mBealtaine 2010, roghnaíodh Coláiste na Tríonóide mar Chuideachta Inniúlachta i ngach sé chatagóir de Ghradaim Inniúlachta 02: Ceannaireacht, Seirbhís do Chustaiméirí, Inrochtaineacht Comhshaoil, Forbairt agus Dul Chun Cinn Foghlama, Coinneáil agus Leas, Earcú agus Roghnú. Aithníonn Gradaim Inniúlachta 02 arna n-eagrú ag Kanchi, sárchleachtas i lánpháirtíú na ndaoine atá faoi mhíchumais, mar chustaiméirí agus mar fhostaithe araon.

Tá sé mar aidhm ag an Ionad Taighde Eolaíochta & Innealtóireachta na mBan (WiSER) ionadaíocht na mban i dtaighde eolaíochta agus innealtóireachta i gColáiste na Tríonóide a ardú. Leagadh amach an clár do 2009/10 chun comhoibriú le mná agus iad i mbun taighde san eolaíocht, innealtóireacht agus teicneolaíocht, chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní a aithníodh maidir leis na réimsí seo a choinneáil, a chur chun cinn agus filleadh ar ais orthu. I measc na n-iarrachtaí seo bhí clár meantóireachta, cláir fhorbartha gairme, grúpaí scríbhneoireachta acadúla tacaíochta piaraí agus imeachtaí líonraithe. Sa bhreis air sin, is í Stiúrtóir WiSer an saineolaí inscne Éireannach do Ghrúpa an Choimisiúin Eorpaigh ar Mhná agus ar Eolaíocht.

Is tionscnamh atá i Líonra Gairme Alumni Choláiste na Tríonóide, a seoladh i mí Feabhra 2010, atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'alumni an Choláiste atá ag smaoiniú ar ghairm a athrú mar gheall ar an timpeallacht eacnamaíochta dúshlánach reatha seo. Cuirfidh Líonra Gairme Alumni Choláiste na Tríonóide clár pléití painéil, ceardlanna, comhairle gairme agus deiseanna líonraithe ar bun dá chuid céimithe gach bliainis.





8. Clár Forbartha Caipitil

Mór-Thionscadail

I rith 2009/10 cuireadh an Mol Seomra Fada i gcrích agus lean obair ar aghaidh ar thógail na hInstitiúide Eolaíochtaí Bithleighis ar Shráid an Phiarsaigh. Cheannaigh an Coláiste 7-9 Sráid Laighean Theas (a dtugtaí Teach Phoenix air roimhe seo) agus chuir sé an t-athchóiriú i gcrích. Chuir sé tús freisin le próiseas tairisceana a bhí dírithe ar 1,000 áit chónaithe breise do mhic léinn a chur ar fáil.




Mol an tSeomra Fhada, Coláiste na Tríonóide

8.1 Tionscadail Curtha i gCrích

Mol an tSeomra Fhada, Coláiste na Tríonóide

D'oscail an tAire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta an foirgneamh nua den scoth ina bhfuil an Mol Seomra Fada lonnaithe, institiúid taighde ealaíon agus daonnachtaí Choláiste na Tríonóide. Fuair an institiúid infheistíocht mhór €10.8 milliún ón Rialtas agus ó Chiste Forbartha Réigiúnaí an Aontais Eorpaigh faoin gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL).

Cuireann an tionscadal seo thart ar 1,100 méadar cearnach de spás nua ar fáil do thaighde sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí i bhfoirgneamh nua den scoth i gCearnóg na gComhaltaí idir Seomra Léitheoireachta 1937 agus Foirgneamh na nEalaíon agus beidh sé ceangailte leis na saoráidí atá ann cheana féin i Seomra Léitheoireachta 1937. I measc na saoráidí tá seomra léitheoireachta, seomraí do thaighdeoirí ar cuairt, malartú eolais, seomra físchomhdhála agus áit digitithe.



Éascóidh an tionscnamh seo forbairt straitéiseach an Choláiste maidir le taighde sna hEalaíona, Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta trí leas iomlán a bhaint as bailiúcháin taighde den scoth an Choláiste agus trí phobal scoláirí a chruthú ar fud raon disciplíní. Féachfaidh sé le ceisteanna a fhreagairt faoi aitheantas daonna i gcomhthéacsanna domhanda, ag díriú ar fhuinnimh taighde agus dá bhrí sin ag cuidiú chun deis chruthaitheach Choláiste na Tríonóide a bhaint amach mar institiúid náisiúnta agus idirnáisiúnta den scoth.

Aonad Forbartha agus Teagaisc ar Chleachtas Cógaisíochta Boots

D'oscail an tAire Sláinte agus Leanaí saoráid teagaisc den scoth a chuirfidh oiliúint ar fáil chuig an gcaighdeán is airde do chógaiseoirí na hÉireann amach anseo i Meitheamh 2010 ag Scoil na Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí Cógaisíochta. Is tionscnamh chomhoibritheach atá ann idir Coláiste na Tríonóide agus Boots Ireland le tacaíocht ó Helix Health.

Sa tsaoráid nua, 'Aonad Forbartha agus Teagaisc ar Chleachtas Cógaisíochta Boots' beidh raon saoráidí nua-aimseartha atá dírithe ar na scileanna riachtanacha a thabhairt do mhic léinn cógaisíochta ionas go mbeidh siad in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na deiseanna amach anseo. Cuideoidh stáisiúin teagaisc aonair le mic léinn níos mó eolais a chur ar na tascanna níos traidisiúnta a bhaineann le dáileadh agus riar, agus leagadh áiteanna ar leithligh amach chun oiliúint a chur ar fáil in ardsheirbhísí cógaisíochta.

7-9 Sráid Laighean Theas

Rinneadh athchóiriú ar chóiríocht i 7-9 Sráid Laighean Theas (a dtugtaí Teach Phoenix air roimhe seo) chun cóiríocht a chur ar fáil do mhic léinn iarchéime ó Dhámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, do Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra agus Cumarsáide agus don Ionad Comhairleoireacht Mac Léin agus éascóidh an t-athchóiriú seo athlonnú ó chóiríocht ar Shráid an Phiarsaigh agus ó áitribh atá ar cíos lasmuigh den champas.


Tionscadail Eile

Chomh maith leis sin, i measc na dtionscadal caipitil eile bhí: athchóiriú a dhéanamh ar an bPailliún chun rochtain uilíoch a sholáthar, Seomra Club le saoráidí nua-aimseartha; tús le tionscadal chun cóiríocht chónaitheach a athchóiriú sa Chearnóg Nua; obair pheanála don Ionad Mac Léinn atá beartaithe i Halla Luce agus clár laghdaithe duirleog sa Chearnóg Tosaigh chun rochtain uilíoch a chumasú; tionscadail feabhsúcháin tailte; athchóiriú ar shaoráidí reatha ag 15/16 Rae an Iarthair do TrinityHaus, tionscadail athchóirithe saotharlainne ag Institiúid Moyne, saoráidí do thaighdeoirí SFI ag Campas Teicneolaíochta agus Fiontraíochta Choláiste na Tríonóide a chruthú áit a cruthaíodh saoráidí stórála agus ceardlainne do Stór Ealaíne an Choláiste freisin.

8.2 Tionscadail Tógála

Forbairt Eolaíochtaí Bithleighis

Tá an Fhorbairt Eolaíochtaí Bithleighis ar an tionscadal tógála is uailmhianaí i stair Choláiste na Tríonóide. Seo suíomh idir Sráid Cumberland agus Sráid Sandwith, a úsáideadh roimhe seo mar charrchlós dromchla, agus táthar á athfhorbairt chun forbairt mheasta a dhéanamh de spás acadúil agus tráchtála de bhreis is 30,000 méadar cearnach. Chuir an tÚdarás um Ardoideachas maoiniú caipitiúil de níos mó ná €56 milliún ar fáil don tionscadal seo faoin Timthriall 5 PRTLÍ ón Rialtas agus ó chiste Forbartha Réigiúnach na hEorpa a bhfuil €2.25 milliún san áireamh ann do thionscadal Líonra Trasghéineach na hÉireann a bheidh lonnaithe sa bhfoirgneamh seo.



Lonnófar roinnt ionad sainithe sa spás seo – Ionad d’Fhionnachtain Drugaí d’Ailse, Ionad do Theicneolaíochtaí Bithinnealtóireachta agus Feistí Leighis, Ionad Taighde Imdhíoneolaíochta – agus saoráidí teagaisc leighis. Éascóidh an spás seo athlonnú roinnt disciplíní chuig cóiríocht saintógtha. Cuirfidh an fhorbairt seo le tús áite Choláiste na Tríonóide san imdhíoneolaíocht, na néareolaíocht agus ailse agus ar an gcaoi sin beidh Éire ceannródaíoch sa taighde a théann chun sochair shláinte an duine agus an phobail

Tá an fhorbairt buailte le Stáisiún Traenach an Phiarsaigh agus ionchorpraíonn an dearadh bealach isteach nua sa Stáisiún. Thosaigh an tionscadal go luath i mí Lúnasa 2008 agus tá sé le n-oscailt i Meitheamh 2011. Áireofar sa spás tráchtála siopaí, cóiríocht oifige agus spás saotharlainne do chomhoibriú tionscail-acadúil.

Tionscal – Spás Comhoibríoch Acadúil

Mar aitheantas ar an bpríomhról a d’fhéadfadh a bheith ag an Institiúid ó thaobh taighde ceannródaíoch agus deiseanna fostaíochta i gColáiste na Tríonóide a spreagadh tá Coláiste na Tríonóide ag cur 3,000 méadar cearnach ar fáil ar an gcéad urlár agus ar chuid d’urlár na talún sa bhforbairt Eolaíochtaí Bithleighis ar mhaithe le comhoibriú tionscail-acadúil. Tá an Coláiste ag obair go dlúth le Enterprise Ireland agus leis an IDA agus tá sé ar thóir compháirtithe nó cuideachtaí bithleighis bhunaithe nó atá ag teacht chun cinn a aithníonn an buntáiste a bhaineann le bheith in aice le foirne taighde sa Choláiste agus an buntáiste a bhaineann le saoráidí taighde agus forbartha ar an gcampas a úsáid mar ghné lárnach ó thaobh dul chun cinn a dhéanamh. Tá sé seo ag teacht leis an mbeartas sa chlár nua rialtais chun Ionaid Taighde Teicneolaíochta a bhunú a bheidh nasctha le hinstitiúidí tríú leibhéal, chun an bearna atá idir taighde agus tráchtáil teicneolaíochta a líonadh.

Saoráid Taighde Chliniciúil Iontaobhas Wellcome Trust-HRB

Sa bhliain 2009, a bhuíochas do chomhaontú trípháirtí idir Coláiste na Tríonóide, Iontaobhas Wellcome Trust agus Ospidéal San Séamas, bhíothas in ann Saoráid Taighde Chliniciúil a thógáil in Ospidéal San Séamas. Cuireadh próiseas tairiscintí i gcrích agus táthar ag súil go dtosóidh obair ar láthair go luath. Áireofar ar an tsaoráid 10 leaba i spás de 1,300 méadar cearnach, agus beidh limistéir shonracha ann don taighde cliniciúil áit a ndéanfar fiseolaíocht chleachtaidh, néarfiseolaíocht agus teiripí géine agus móilíneacha. Beidh sé buailte le MRI (Ionad d’Ardíomháil Leighis) arna mhaoiniú ag HRB agus Institiúid Choláiste na Tríonóide d’Eolaíochtaí Cardaitshoithíoch arna mhaoiniú ag Iontaobhas Shráid na Bagóide agus beidh siad comhlonnaithe san fhoirgneamh céanna. Táthar ag súil go mbeidh an tsaoráid seo ar oscailt go déanach sa bhliain 2011.

The Lir, National Academy of Dramatic Art

I Méan Fómhair 2010, cuireadh tús le hobair ar thionscadal a mhaoinítear go seachtrach chun roinnt de na haonaid tionscail a bhí ann roimhe seo ar Champas Fiontraíochta agus Teicneolaíochta Choláiste na Tríonóide a athchóiriú agus a leathnú chun áit a chur ar fáil don *Lir National Academy of Dramatic Art* i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Beidh sé réidh chun glacadh le mic léinn i Meán Fómhair 2011.

Ionad Choláiste na Tríonóide ag Ospidéal Thamhlachta, Céim 2

Leanann an Coláiste ar aghaidh ag obair ar phleanáil agus ar thiomsú airgid chun tacú le hInstitiúid do Mhíochaine Choiscteach a bhaineann le hIonad Choláiste na Tríonóide ag AMNCH i dTamhlacht a chur ar fáil.



Áiteanna Cónaithe Breise do Mhic Léinn

Tá Coláiste na Tríonóide ag déanamh gach iarracht an leibhéal cóiríochta cónaithe is féidir leis a chur ar fáil do mhic léinn as Éirinn agus idirnáisiúnta a ardú. D'aithin sé riachtanas tosaigh de 1,000 aonad cónaithe do mhic léinn agus éileamh a d'fhéadfadh a bheith ann do 2,500 aonad cónaithe breise. In 2009, chuir Coláiste na Tríonóide tús le próiseas soláthair chun comhpháirtí forbartha a aithint a chuirfidh na saoráidí seo ar fáil ar láthair laistigh d'achar comaitéara gearr ón gColáiste. Tá an próiseas seo ag teacht chun cinn go maith agus táthar ag súil go mbeidh forthairgeoir roghnaithe i lár 2011.

Plean Forbartha

Ag teacht chun cinn ó cheadú Phlean Straitéiseach an Choláiste 2009–2014, cuireadh Dréachtphlean Forbartha inar aithníodh scála agus treoir na mórthionscadal amach anseo maidir le Coláiste na Tríonóide don 10-20 bliain atá le teacht os comhair Bhord an Choláiste i Meitheamh 2010. Meastar go nglacfaidh an Bord leis an bplean deiridh i Márta 2011.

8.3 Caomhnú Fuinnimh


D'úsáid Coláiste na Tríonóide breis is 34.8 milliún kWh leictreachais agus breis is 35.5 milliún kWh de ghás nádúrtha agus d'ola le linn 2009/10. B'ionann caiteachas don bhliain le haghaidh gach costais a bhain le fónais agus €6.4 milliún. Is laghdú mór ar an gcostas é seo a tharla de bharr tairisceana iomaíoch leictreachais a bhain praghas maith amach don bhliain.

Baineadh amach coigiltis trí mheán an ghrúpa e3 group, air a bhfuil CÓBAC, ITCÁC, ÓCBÁC agus Coláiste na Tríonóide, mar a mbaineann said úsáid as a gcomh-chumhacht cheannaigh chun na tairiscintí is fearr agus is féidir maidir le hola agus gás a fháil ó sholáthraithe. Tagann formhór leictreachais Choláiste na Tríonóide ó Energia a sholáthraíonn 50% den chumhacht ó leictreachas in-athnuaite ginte ó ghaoth. Tá úsáid soláthraí 'ghlais' ina bhealach éifeachtach chun laghdú mór a dhéanamh ar astaíochtaí CO₂

I rith 2009/2010, thuairiscigh an clár e3 laghduithe breise in ídiú fuinnimh sna foirgnimh spriocdhírthe sa Choláiste. Tomhaistear an laghdú de 7.5% seo sna foirgnimh spriocdhírthe i gcomhthéacs na drochaimsire a bhíonn ann sa gheimhreadh. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an gclár e3 agus leathnaíodh na foirgnimh spriocdhírthe chuig 25 foirgneamh ar an iomlán a léiríonn níos mó ná 76% d'ídiú fuinnimh an Choláiste. Mar chuid den phróiseas táthar ag forbairt córas chun monatóireacht a dhéanamh air agus díriú ar ídiú fuinnimh (M&T) ionas go mbeidh sé níos iontaofa agus go gclúdódh sé níos mó foirgneamh. Cuireadh tús leis an gcéim reatha den chlár e3 in Aibreán 2010 a dhíríonn ar an gcóras M & T a fhorbairt agus ar fhuinneamh a shábhail sna foirgnimh nua.

I rith na 2009/10, aithníodh tionscadail a laghdódh ídiú fuinnimh agus cuireadh i bhfeidhm iad. Fuair na tionscadail seo maoiniú ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Mar chuid de na tionscadail a cuireadh i bhfeidhm cuireadh soilse nua in áit seanshoilse neamhéifeachtúla, d'fheabhsaigh na córas bainistíochta rialú trealaimh agus feabhsaíodh insliú foirgneamh.

Ar bhonn leanúnach, rinneamar scrúdú ar thograí d'inbhuanaitheacht níos fearr laistigh d'fhoirgnimh nua. Mar chuid de sin, oibríodh go dlúth leis na sainchomhairleoirí dearaidh chun an réiteach is eacnamaíche agus is éifeachtúla ó thaobh an chomhshaoil de a aithint do gach foirgneamh. Beidh roinnt trealaimh nuálach sna foirgnimh nua ar nós an fhorbairt Eolaíochtaí Bithleighis a thabharfar chun críche in 2011 a dhéanfaidh ídiú fuinnimh a íoslaghdú agus an tionchar iomlán a bhíonn aige ar an gcomhshaoil a laghdú freisin.



9. Tiomsú Airgid

Tá todhchaí Choláiste na Tríonóide ag brath go príomha ar a dhaoine – foireann agus mic léinn – chomh maith le hinfheistiú sa teagasc, taighde, nuálaíocht agus for-rochtain. Is gá maoiniú suntasach má tá an Coláiste chun a sheasamh a dhearbhú ar cheann de na hollscoileanna is fearr ar domhan. Chuige seo, tiomsaíonn Fondúireacht Choláiste na Tríonóide airgead ó alumni agus cairde an Choláiste.


Déanann Coláiste na Tríonóide a tosaíochtaí tiomsaithe airgid a ghrúpáil de réir cúig théama, gach ceann ag léiriú ábharthacht, tábhacht agus luach na ollscoile sa lá atá inniu ann – le misean a glacadh leis ionas go mbeadh ról lárnach ag an Tríonóid ó thaobh cuidiú le hÉirinn a bheith ar an áit is táirgiúla le bheith ag áirgeadh, ag obair agus ag foghlaim agus an áit is sibhialta le cónaí agus cur leis an bpobal áitiúil agus domhanda.

Ní féidir leis an gColáiste a bheith ag brath ar mhaoiniú an Stáit amháin – tá tacaíocht phríobháideach riachtanach do thodhchaí Choláiste na Tríonóide. Sa tréimhse 1 Deireadh Fómhair 2009 go dtí 30 Meán Fómhair 2010, fuarthas €14.5 milliún ó dheontais phríobháideacha (€27 milliún sa tréimhse 2008/09). Tá sochair na tacaíochta príobháidí seo soiléir ar fud an Choláiste.

Tá pleanáil don chéad chéim eile den tiomsú airgid ar bun, ag cinntiú go dtacófar le Plean Straitéiseach nua an Choláiste don tréimhse 2009-14. Ar na príomhthionscadail reatha tá:

- Cur i gcrích an mhaoinithe don Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis ar Shráid an Phiarsaigh
- Athchóiriú an tSeomra Fhada le saoráidí fairsingithe Daonnachtaí
- Foirgneamh Nua don Scoil Ghnó agus forbairt nua Innealtóireachta agus Eolaíochta Nádútha
- Tionscadail éagsúla ag tacú leis an téama 'Rannpháirtíocht leis an tSochaí'
- Ollúnachtaí & Léachtóireachtaí i dtosaíochtaí acadúla an Choláiste

Ag croílár rath tiomsaithe airgid an Choláiste tá an obair iontach a rinne roinnt mhaith grúpaí d'oibrithe deonacha chun tacú le Coláiste na Tríonóide, lena n-áirítear Cumann agus Iontaobhas Choláiste na Tríonóide, Bord Comhairleach na Scoile Gnó, Bord Comhairleach na Scoile Innealtóireachta, Bord Comhairleach Seachtrach Mhol Sheomra Fada Choláiste na Tríonóide, Bord Trí Chéad na Scoile Leighis, Alumni Gnó Choláiste na Tríonóide, Bord Rialaithe an Ghailearaí Eolaíochta, Ciste SAM agus Iontaobhas RA. Tugann na hoibrithe deonacha seo a gcuid ama, a n-ionchur straitéiseach agus tacaíocht shuntasach airgeadais. Tá an Coláiste thar a bheith buíoch den tacaíocht ó na grúpaí seo. Tá lua ar leith ag dul do Bhord Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide, a bhfuil ról lárnach aige i gcomhordú straitéis dhaonchairdiúil an Choláiste. Tá alumni agus cairde Choláiste na Tríonóide i gcónaí ag tacú leis an gColáiste tríd an gCiste Bliantúil, obair dheonach chun cuidiú leis an gColáiste agus ar an iliomad bealaí eile.




10. Staid Airgeadais

Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2010, arna n-ullmhú ar bhonn comhchuibhithe d'earnáil Ollscoileanna na hÉireann, ar an 26 Eanáir 2011. Is éard atá sna Ráitis Airgeadais ná Cuid I de na ceanglais tuairiscithe airgeadais d'Acht na nOllscoileanna agus léirítear an chroighníomhaíocht teagaisc/taighde neamh-mhaoinithe agus deontais taighde sa Chuntas Ioncaim & Caiteachais. Ní bhfuair iniúchóirí seachtracha an Choláiste KPMG go raibh aon laige ábhartha sa rialú ann agus d'eisigh siad tuairim neamhcháilithe iniúchóireachta i leith na Ráiteas Airgeadais. Déantar na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais, a léiríonn Cuid II de na ceanglais tuairiscithe airgeadais, a ullmhú de réir na gcaighdeán cuntasáíochta a bhfuil glacadh leo agus táthar ag súil iad a bheith i gcrích le linn 2011.

In 2010, bhí laghdú ar an gcoiríomhaoiníú i gcomparáid le leibhéal 2009 mar thoradh ar bhrúna maoinithe ag leibhéal náisiúnta. Mar sin féin, in ainneoin mhaoiníú laghdaithe, bhí cúrsaí airgeadais an Choláiste go maith ag deireadh na bliana mar gheall ar na gníomhaíochtaí a cheadaigh an Bord chomh maith leis an tsolúbthacht agus an dea-thoil leanúnach a léirigh mic léinn agus comhaltaí foirne. Is staid chothrom é an toradh do 2009/10 go bunúsach (barrachas de €0.18 milliún san ioncam thar caiteachas) agus bhí príomhchúlchistí maoinithe de €0.15 milliún ag 30 Meán Fómhair 2010 mar thoradh air seo. Léiríonn an fheidhmíocht airgeadais don bhliain an laghdú i ndeontas féilire 2010, an t-ardú a tháinig ar tháillí mac léinn de €600 go €1,500 ón 1ú Deireadh Fómhair 2009 agus na laghduithe rátaí pá náisiúnta a tháinig i bhfeidhm ón 1ú Eanáir 2010. Tháinig laghdú 9.3% ar an ioncam iomlán (gan taighde maoinithe san áireamh) go dtí €195 milliún le deontas Stáit san áireamh arbh ionann é agus 38% [2009:49%], Táillí Mac Léinn 51% [2009:41%] agus Ioncam Eile 11% [2009:10%]. Ag glacadh an 'Tionscnamh Táillí Saor in Aisce' san áireamh arna mhaoiníú ag an Stáit, b'ionann an príomhioncam iomlán arna mhaoiníú ag an Stáitchiste agus 61% (2009: 70%). Tháinig laghdú 8.3% ar an gcaiteachas iomlán go dtí €197 milliún (gan taighde maoinithe san áireamh) agus ba é an cóimheas pá:neamhphá (gan taighde maoinithe san áireamh) don bhliain reatha ná 74:26 i gcomparáid le 71:29 in 2009.

B'ionann na gníomhaíochtaí taighde do 2009/10 agus €82 milliún, laghdú 8.6% ar leibhéal 2009. Mar gheall ar an gcion mór gníomhaíochtaí taighde a dhéanann an Stát maoiníú orthu faoi láthair, tá an baol ann go dtiocfaidh laghdú mór ar an infheistíocht a dhéanann an Stát i dtaighde. Ar nós na mblianta roimhe seo, tá sé tábhachtach arís go mbeadh a fhios ag cách go leanann gníomhaíochtaí taighde, nach ndéanann maoiníú leordhóthanach chun tacú le seirbhísí infrastruchúir agus acadúla/riaracháin, ar aghaidh ag cur brú ar na hacmhainní atá de dhíth maidir le teagasc agus taighde neamh-mhaoinithe.

Tá an Clár Comhardaithe fanta láidir sna cúinsí eacnamaíochta reatha le glansócmhainní iomlána an Choláiste ag méadú i rith na bliana, arbh ionann iad agus €687 milliún ag 30 Meán Fómhair 2010. Lean leibhéal na hinfeistíochta caipitil ag luas sách tapa agus baineann sé go príomha leis an tógáil leanúnach ar Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide, leis an Mol Seomra Fada a thabhairt chun críche agus le 7-9 Sráid Laighean Theas agus áiteanna cónaithe mac léinn a athchóiriú.



Ar nós blianta roimhe seo, leanann an easpa maoinithe leordhóthanach ag cur leis na rioscaí atá os comhair an Choláiste trí shrian a chur ar chumas an Choláiste aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cothabhála leanúnacha agus a bhí ann roimhe seo agus tionscadail chaipitil bheaga chomh maith lena chumas inrochtaineacht, sláinte & sábháilteacht agus clár oibreacha chaomhnaithe a chur chun cinn. Ní raibh aon easnamh chaipitil charntha ann ag 30 Meán Fómhair 2010.

Faoi láthair, tá an Coláiste ag brath go mór ar fhoinsí státchiste ioncaim agus meastar go déanfaidh sé bainistiú ar a chuid gnóthaí airgeadais laistigh de pharaiméadar Acht na nOllscoileanna 1997, go ndéanfaidh sé a chuid cuspóirí a sheachadadh gan creataí do mhaoiniú ilbhliantúil ar bith a bheith ann agus go ndéanfaidh sé teacht aniar/athnuachan airgeadais a bhainistiú. Sa chomhthéacs seo, tá an Coláiste ag leanúint straitéis airgeadais ina chuirtear giniúint agus éagsúlacht ioncaim chun cinn agus déantar sin a spreagadh; tacaíonn soláthar le bainistiú costas; tugtar tosaíocht do thionscnaimh éifeachtúlachta agus déantar gníomhaíochtaí a bhainistiú laistigh d'acmhainní buiséadaithe sa mheántéarma.

Níl aon easnamh atarlaithe charntha ag deireadh na bliana acadúla 2009/10 ag an gColáiste. Tá toradh airgeadais na bliana sásúil agus is léir gur tharla sé mar gheall ar dhea-phleanáil airgeadais chomh maith le hiarracht agus tiomantas leanúnach phobal an Choláiste dul i ngleic le timpeallacht maoinithe dhúshlánach agus a bhíonn ag athrú i gcónaí. Is léir go mbeidh ar an gColáiste aghaidh a thabhairt ar thodhchaí ina mbeidh go leor éileamh agus ina mbeidh níos lú cinnteachta agus inthuarthachta go háitithe maidir le maoiniú ón Rialtas mar gheall ar thimpeallacht ina bhfuil ardú ag teacht ar mhaoiniú poiblí. Mar sin féin, is timpeallacht í ina mbeidh go leor deiseanna ar fáil ó thaobh ioncam agus tuilleadh éifeachtaí a chruthú. Is mórábhar imní é an tionchar a bheidh ag laghdúithe maoinithe ar chaighdeán torthaí an Choláiste agus ba chóir go mbeadh sé mar thosaíocht ag an Rialtas acmhainní na n-eagraíochtaí a thacaíonn leis an gclár oibre náisiúnta maidir le téarnamh eacnamaíochta nó a sheacadann é a chosaint agus a chaomhnú. Sna tréimhsí dúshlánacha seo, tá sé ríthábhachtach áfach go mbaineann an Coláiste leas as deiseanna agus iad é ag bogadh dul chun cinn agus go leanann sé ar aghaidh ag infheistiú i ngníomhaíochtaí caipitiúla agus atarlaithe.



COLÁISTE NA TRÍONÓIDE
BAILE ÁTHA CLIATH
TRINITY COLLEGE DUBLIN

OILSCOIL
ÁTHA
CLIATH

Aguisín



Aguisín I: An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Don Bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2010

	2010	2009
	€ '000	€ '000
Ioncam		
Deontais Stáit	73,931	105,392
Táillí Mac Léinn	98,672	88,636
Ioncam Eile	22,166	20,897
	194,769	214,925
Deontais agus Tionscadail Thaighde	81,977	89,715
Iomlán	276,746	304,640
Caiteachas		
Dámha Acadúla	109,481	109,141
Seirbhísí Acadúla agus Eile	21,301	22,958
Áitreabh	26,061	27,955
Méid Leithroinnte chun críocha Caipitil	1,000	13,507
Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha	14,737	15,350
Caiteachas Oideachais Ginearálta	9,186	9,127
Seirbhísí do Mhic Léinn	5,311	5,626
Caiteachas Ilghnéitheach	10,075	11,063
Seirbhísí Acadúla agus Eile	197,152	214,727
Deontais agus Tionscadail Thaighde	79,415	80,165
Iomlán	276,567	294,892
Barrachas ar Ghníomhaíochtaí roimh Amúchadh Chúlchistí Caipitil agus Deontais, Seirbhísí Coimhdeacha agus Dímhéas Sócmhainní Seasta	179	9,748
Barrachas ar Sheirbhísí Coimhdeacha	1,342	2,934
Dímhéas Sócmhainní Seasta	(28,877)	(31,005)
Aistriú ón gCúlchiste Ginearálta	27,535	28,071
Glanbarrachas don bhliain	179	9,748



Aguisín II:
An Clár Comhardaithe

Amhail an 30 Meán Fómhair 2010

	2010	2009
	€ '000	€ '000
Sócmhainní Seasta		
Sócmhainní inláimhsithe	793,643	747,470
Maoine infheistíochta	16,478	-
	810,121	747,470
Sócmhainní Reatha		
Iarmhéideanna bainc agus airgid	160,620	163,739
Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	47,443	39,450
Stoic	372	328
	208,435	203,517
Dliteanais Reatha		
Creidiúnaithe agus caiteachas fabhruithe	(205,450)	(195,409)
Iarmhéideanna bainc	(4,365)	(99)
	(209,815)	(195,508)
Glan-Sócmhainní/(Dliteanais) Reatha	(1,380)	8,009
Dliteanais Fadtéarmacha		
Creidiúnaithe dlite tar éis bliana amháin	(121,663)	(78,904)
	687,078	676,575
Arna Léiriú ag:		
Cúlchiste Ginearálta	686,930	676,606
Cúlchiste ioncaim	148	(31)
	687,078	676,575



COLÁISTE NA TRÍONÓIDE
BAILE ÁTHA CLIATH
TRINITY COLLEGE DUBLIN

OLLSCOIL
ÁTHA
CLIATH

www.tcd.ie



Cláir Chistí Struchtúracha AE
na hÉireann 2007-13

Cómhainithe ag Rialtas na hÉireann
agus ag an Aontas Eorpach



CISTÍ STRUCHTÚRACHA AE